# CÉIM AR CHÉIM




## Céim 16 – 20

# Intreoir

Is moladh é an plean seo ar stráitéisí, ghníomhaíochtaí agus cheachtanna bunaithe ar an scéim léitheoireachta **Céim ar Chéim.** Tá pacáiste de leathanaigh thacaíochta ar fáil le tacú leis an phlean seo. Tá áiseanna ann a síleadh a bheadh úsáideach le gníomh áirithe a dhéanamh chomh maith.

Ar ndóigh, níl sé inmholta go mbeadh ar pháiste ar bith gach ceann de na gníomhaíochtaí seo nó gach ceann de na leathanaigh thacaíochta a chomhlánú roimh leanúint ar aghaidh chuig leabhar nua. Tá na moltaí seo le tacú leis an léitheoireacht ach is í spreagadh na léitheoireachta agus tacú leis an léitheoireacht an rud is tábhachtaí leis an phlean seo agus ní leathanaigh oibre agus tascanna scríofa.

Láimhseáltar gnéithe éagsúla; gramadach, fónaic srl, de réir a chéile agus mar sin b'fhiú na leathanaigh a chlúdach leis na daltaí san ord ina bhfuil siad sa phlean seo.

**Molaimid na leathanaigh ghníomhaíochta a úsáid ar bhonn scartha seachas mar 'leabhar' sa dóigh go mbeidh saoirse ag páistí gníomhaíochtaí a dhéanamh agus iad réidh dóibh. Is féidir na leathanaigh seo a mheas agus a úsáid le páistí agus iad ag an léibhéal cuí.**

**Láimhseáil Leabhar**

Tá sé tábhachtach go dtuigfidh páistí an dóigh le leabhar a láimhseáil, an dóigh le leabhar maith a roghnú agus an dóigh le dul i mbun léitheoireachta agus seánraí éagsúla san áireamh.

Maidir le **leabhair fhicsin** ba chóir go léireofaí an dóigh le hamharc ar leabhar, na pictiúir a phlé agus a mheas, an blurba a aimsiú agus a mheas, an cineál leabhair atá ann a mheas, ainm an údair nó an mhaisitheora a aimsiú, stíl an leabhair a phlé agus critéir eile a aimsíonn an páiste a mheas.

I dtaca le **leabhair neamhfhicsin** de tá léargas de dhíth ar an dóigh le clár agus innéacs a úsáid. Is féidir an dóigh leis an leabhar seo a úsáid le heolas a bhailiú a léiriú agus nach bhfuil gá lena léamh ó thús deireadh.

Le **leabhair chaibidle** ba chóir an dóigh leis an chlár a aimsiú a léiriú agus an leabhar a oscailt ag leathanach nó ag caibidil ar leith. Má tá gluais sa leabhar léirigh an dóigh leis an ghluais a aimsiú agus an dóigh lena húsáid.

Tá gnéithe eile le plé maidir le **seánraí éagsúla** na scéime seo; is é sin leagan amach dáin, leagan amach dráma, lipéid a aithint agus a thuiscint, úsáid poncaíochta i seánraí éagsúla leabhar agus úsáid éifeachtach pictiúr.

**Na Gníomhaíochtaí**

Is féidir cuid mhaith de na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh i gcomhair le **cláir bhána, litreacha maighnéadacha, díslí, péint, marla, cluichí** agus áiseanna eile nach iad.

Tá cluichí **biongó** le cuid de na céimeanna agus iad grádaithe ó mheaitseáil pictiúir/focal le pictiúr/focal go meaitseáil pictiúr agus focal, focail a dhéanann rím, túsfhuaim/pictiúr, fuaim dheireanach/pictiúr.

Tá tús curtha le cleachtadh ar **litreacha na haibítre** i gcéimeanna 4/5. Is féidir leanúint leis na cleachtaí sin ag brath ar pholasaí scoile.

Tá **focail ardmhinicíochta** ann mar chluichí agus cleachtaí. Is feidir iad a athrú de réir mar a fhóireann.

Leantar na scéimeanna ***Black Sheep*** agus ***Fónaic na Gaeilge***. Tá moltaí ó *Black Sheep* sna céimeanna 1- 3. Cuirtear tús le *Fónaic na Gaeilge* i gCéim 4 agus leantar leis trí na céimeanna uilig.

**Rinneadh an obair seo i gcomhair le múinteoirí ó Bhunscoil Phobal Feirste agus Scoil na mBráithre Chríostaí in Ard Mhacha ach go háirithe le Deirdre Nic Suibhne, Fianna Nic Aoidh agus Dolores Barnes. Tá leagan daite de na leathanaigh ar fáil ar www.aisaonad.org**

Jacqueline de Brún, An tÁisaonad, 2009

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 16 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tá Rud Éigin Ansin** agus scéalta eile | Dán<br>Fantaisíocht<br>Fantasaíocht<br>Fantasaíocht | **An fhuaim í** – roinnt féidearthachtaí lena scríobh | **Ceannlitreacha a úsáid le hainmneacha** | **Ainmfhocail** le ceannlitreacha – ainmneacha daoine<br><br>**Comhfhocail –** dhá fhocal le chéile – séimhiú ar an dara cuid | Ceisteanna le freagairt<br><br>Eolas a fháil ar thithe solais<br><br>Tuairisc scoile a dhéanamh<br><br>Stiallchartún a dhéanamh<br><br>Léarscáil a dhéanamh<br><br>Arracht eile a chumadh | Cur síos a scríobh ar an Rud Éigin<br><br>Véarsa eile don dán<br><br>Treoracha ón chnoc go dtí an teach solais a scríobh<br><br>Litir ón arracht<br><br>Scéal eile faoi arracht – **TLD** |
| **Ar Thóir na nDragan** | Neamhfhicsean mínitheach | | | | Pictiúr de dhragan le lipéid<br><br>Eolas a aimsiú ar dhragain | Scéal a scríobh faoi dhragan<br><br>Treoracha ar aire a thabhairt do dhragan |
| **Luchóg Bheag Chróga** | Fantasaíocht | **An fhuaim ú** – féidearthachtaí lena scríobh | **Ceannlitreacha a úsáid le béim** a chur ar rud i scéal<br><br>Dul siar ar **cheannlitreacha** | **Ainmfhocail (ainmhithe) – bain. fir. –** dhá liosta agus aidiachtaí le cur leis na hainmhfhocail | Scéalta eile a aimsiú/phlé ar an téama céanna<br><br>Amhrán a cheol/ a úsáid mar scéal | |
| **Ar Thóir na nDineasár** | Téacs mínitheach/ ceisteach | Focail mhóra a bhriseadh ina **siollaí** | | **Caol/leathan** – sna focail mhóra - gearrtha ina siollaí<br><br>**Briathra rialta san aimsir chaite** | Dineasár le lipéid a dhéanamh<br><br>Eolas a aimsiú ar dhineasáir | |
| **An Sciobaire Bróg** | Fantasaíocht | | **Comharthaí cainte** – dul siar ar rialacha – ag tús abairte, ag tús ainm agus le béim a chur ar fhocal | **Mo, do, a, a, a, ár, bhur** a chur in abairtí | **Focail le Foghlaim** – 40 focal ardmhinicíochta – athchleachtadh<br><br>Cluiche – *Ag Séideadh leis an Ghaoth* | Alt nuachtáin a scríobh, samplaí le léamh agus le plé – ceannteidil a phlé |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 17 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Mo Mhadadh** agus Scéalta eile | Dán<br>Insint<br>Insint<br>Scéal Traidisiúnta | **Céim 6 *FnaG*** – an fhuaim **mh/bh/bhf** leathan | **Abairtí** – na tréithe a bhaineann leo<br><br>**Camóga a úsáid in abairtí le sos a léiriú** | **Aidiachtaí** – Pictiúr a dhéanamh de mhadadh agus aidiachtaí a chur mar lipéid leis<br>**Aidiachtaí** a úsáid sna habairtí acrastaice<br><br>**Briathra rialta san aimsir chaite** – briathra a thosaíonn le guta nó le f<br><br>**Uimhir iolra** – dul siar<br>3 chineál le sórtáil agus le rangú | Laethanta na seachtaine – cad é a tharlaíonn sa scéal gach lá? Cad é a dhéanann tusa ar na laethanta seo?<br><br>Eolas a aimsiú ar chineálacha bád<br><br>Stiallchartún a dhéanamh den scéal<br>Scéalta eile a mhíníonn rudaí a aimsiú<br>Eolas ar bhiashlabhraí a aimsiú | Abairtí acrastaice a scríobh le hainmhithe<br><br>Scéal a scríobh ag úsáid an scéil seo mar eiseamláir<br>Moltaí do **TLD** tugtha agus frásaí úsáideacha<br><br>Scéal a scríobh i d'fhocail féin<br><br>Páipéar a scríobh do na madaí, cad é atá sna páipéar? – moltaí a thabhairt |
| **Scoil na Madaí** | Insint phearsanta | An fhuaim **í** – féidearthachtaí<br>An ceann ceart le roghnú | | **Briathra – orduithe san iolra agus san uatha** | Eolas a bhailiú ar na madaí atá ag daoine sa scoil<br><br>Eolas a bhailiú ar na madaí – cineálacha, nósannna, srl. | |
| **Áit don Gháire** | Dráma | | Dráma a aistriú ina scéal – **comharthaí cainte** le plé | **Mór, níos mó, níos lú,** srl.<br>Cártaí meaitseála le cluiche a imirt | Eolas a bhailiú ar Uncail Remus agus scéalta eile dá chuid<br><br>Puipéid a dhéanamh - an scéal a léiriú leo | An scéal a scríobh mar dhráma |
| **Madaí** | Neamhfh. mínitheach | | | **An aimsir láithreach agus an aimsir chaite** – abairtí le gearradh agus le sórtáil | **Clár ABC** a dhéanamh ar na madaí<br><br>**Ord aibítre – litreacha**<br>Focail le cur in ord – 2ú nó 3ú litir | |
| **An Troid ar an Chnoc** | Fantaisíocht | **ch, ph, bh, th, nn, rr, ll, dh, ng** – dul siar ar dhá litir a sheasann d'fhuaim amháin | **Camóga** a úsáid in abairtí mar shos | **Suas, thuas, anuas**, srl – a phlé<br><br>**Abairtí ar phuzail** – codanna d'abairtí a mheaitseáil–comhréir a phlé | Léarscáil den turas a rinne na muca agus na gabhair a dhéanamh<br><br>**Focail le Foghlaim** – focail ardmhin.<br>Abairtí *cloze* leis na focail seo | |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 18 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Caisearbhán** agus Scéalta eile | Dán<br>Insint<br>Fantaisíocht<br>Fabhalscéal | Ceim 5/6 *FnaG* - an fhuaim **a** agus **ea** *(fan, lean)*<br>Liostaí a dhéanamh | **Paragraif** a aithint agus a chur i scéal | **sean** mar **rémír**<br>Samplaí éagsúla le scríobh agus patrúin a aimsiú sa riail<br><br>Dul siar ar **5 iolra**<br>Le haimsiú agus le liostú<br><br>**m'** a úsáid **roimh ghuta agus roimh fh** | Eolas ar an chaisearbhán a aimsiú<br>Pictiúr a dhéanamh le lipéid eolais thart air<br><br>9 gceist faoin scéal<br><br>Frásaí deasa a aimsiú sa leabhar agus a úsáid | **Meafair** a úsáid<br>Pictiúir a léiríonn na meafair a phlé<br><br>Póstaer/fógra poist a scríobh le duine a fhostú le féar a ghearradh<br><br>Alt eolais a scríobh ar Aesóp, a chuid fabhalscéalta agus traidisiúin bhéil |
| **Dialann Lus Gréine** | Athinsint neamhfhicsean | | | | Stiallchartún/cairt eolais ar fhás an lus gréine<br>Séasúir a fhiosrú go domhanda<br>Ag tomhas rudaí<br>Plandaí ag ól uisce | Alt eolais a scríobh faoi Vincent Van Gogh agus a phictiúr de lusanna gréine |
| **Cochaillín Dearg** | Dráma | | Píosaí den dráma a scríobh mar chomhrá i scéal<br><br>Comhrá nua a scríobh do na carachtair – béim ar phoncaíocht | | 9 gceist le freagairt<br><br>Scéalta grinn *cnag, cnag* le léamh agus le cumadh | |
| **Ollphlanda don Ollphanda** | Neamhfhicsean ceisteach | Fuaimeanna **– ach -** le haimsiú i bhfocail | | An **réimir *oll-*** a úsáid le focail<br>Patrúin a aimsiú | Innéacs nua a dhéanamh don leabhar – béim ar ord na habítre<br><br>**Clár ABC** faoi na hollphandaí nó bhambú<br><br>Eolas ar an Áise a aimsiú | Alt eolais a scríobh faoi na hollphlandaí<br><br>Alt eolais a scríobh faoi bhambú<br><br>Alt eolais a scríobh faoi chineálacha féir |
| **Scéalta Faoi Bhláth** | Insint | na litreacha dúbáilte **nn, ll, rr** a liostú | | **Na briathra rialta** – **fréamh** agus na haimsirí – caite, láithreach agus fáistineach<br><br>Réamhfhocail – **orm, chugam, di,** srl. | **Focail le Foghlaim** focail ardmhinicíochta<br>Crosfhocal leis na focail seo | Ceann de na scéalta traidisiúnta a athscríobh |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 19 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Leibhéal Abairte Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Snáthaid Mhór Shnasta** agus Scéalta eile | Dán<br>Dán<br>Athinsint<br>Fhíriciúil<br>Fantaisíocht | An fhuaim **í** agus féidearthachtaí eile lena scríobh | An phoncaíocht a bhaineann le dánta<br><br>Paragraf nua a úsáid nuair atá caint ann | Réamhfhocail – dul siar, meascán<br><br>*Cloze* réamhfhocail – an ceann ceart le roghnú | Cluiche ríme a chumadh – treoracha a scríobh do chara<br><br>Eolas a aimsiú ar dhamháin alla agus ar dhamháin uisce<br><br>Póstaer eolais a dhéanamh<br><br>Frásaí deasa ón leabhar a phlé<br><br>Ceisteanna le freagairt | Dán a scríobh ag leanúint sampla an leabhair<br><br>Dán/abairtí acrastaice a scríobh faoi fheithid éigin<br><br>Treoracha cluiche a scríobh<br><br>Scéal a scríobh faoi uair a tháinig tú ar dhamhán alla<br><br>Scéal a scríobh mar dhráma |
| **An Damhán Comhla** | Insint mhínitheach | | | Ainmfhocail bhaininscneacha agus fhirinscneacha – aidiachta a chur leo | Eolas a aimsiú ar chineálacha éagsúla damhán alla | |
| **Tá Slaghdán ar an Dineasár** | Dán - fantaisíocht | Dul siar ar na fuaimeanna – **mh, ch, gh, th, sh, bh, dh, ts** | | | Ceisteanna le freagairt | Liosta siopadóireachta<br><br>Litir a scríobh do dhineasár<br><br>Blurba a scríobh ar an leabhar |
| **An Seangán agus an Dreoilín Teaspaigh** | Dráma | Focail a chríochnaíonn ar **–án** | Ceannlitreacha a úsáid le hainmneacha agus le teidil | An tuiseal gairmeach – *a Sheáin*<br><br>Aidiachtaí a liostú a chuireann síos ar charachtair<br><br>**An aimsir fháistineach** | Frásaí dea-bhéasacha a chleachtadh | |
| **Ag Feitheamh ar Fheithidí** | Neamhfhicsean mínitheach | **s caol agus s leathan** – liostaí | Ceannlitreacha a úsáid le teidil, ceannlínte agus ainmneacha | Sliocht – ainmfhocail le haistriú ón uatha go dtí an t-iolra | Clár ABC a dhéanamh faoi fheithidí<br><br>**Focail le Foghlaim** – ardmhin. - cluiche leo<br>Cuardach focal – ardmhin.<br><br>Dathanna na bhfeithidí a fhiosrú agus a mhíniú<br><br>Saolré a léiriú | Ceannlínte nuachtáin a scríobh - **uaim** a úsáid<br><br>Alt eolais a scríobh ar fheithid |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 20 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Leibhéal Abairte Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cait** agus Scéalta eile | Dán<br>Insint Fhileata<br>Insint<br>Fantaisíocht | Liosta d'fhocail a chríochnaíonn ar **-ín** | Poncaíocht dáin | Briathra a liostú ón leabhar<br><br>Amharc ar bhriathra rialta/ mírialta – ó bhéal<br><br>Briathra a thosaíonn le guta a liostú - patrún a aimsiú<br><br>Orduithe san uimhir iolra agus uatha | Pictiúr de chat agus eolas faoi scríofa thart air<br><br>Stiallchartún a dhéanamh<br>Póstaer a dhéanamh do na páistí faoi imeacht Alsa<br><br>Portráid charachtair - ar chat<br><br>Ainmneacha cait<br>Ainmhithe agus a n-óga<br>Ceisteanna le freagairt | Cuir leis an dán<br><br>Scéal a scríobh faoi chat atá ábalta léamh<br>Litir a scríobh ó Alsa<br><br>Ceannlínte le huaim agus alt nuachtáin a scríobh faoin chat sa scéal<br><br>Scéal a scríobh faoi chat eile agus a chuid eachtraí |
| **Bean na nÉan** | Athinsint - neamhfhicsean | | | Briathra a liostú ón leabhar<br><br>Samplaí de bhriathra mírialta a scrúdú<br><br>Alt a aistriú ón aimsir láithreach chuig an aimsir chaite | Alt eolais ar leabhar<br><br>Foirm chláraithe a dhéanamh<br><br>Liosta focal le cur in ord aibítre | Litir a scríobh chuig ionad den chineál seo i do cheantar féin<br><br>Liosta siopadóireachta a scríobh - riachtanais ainmhithe<br><br>Focail eile a chur leis an ghluais |
| **An Cat is Fearr** | Dráma | **bh, mh caol agus leathan** – samplaí le liostú | Poncaíocht sa chaint – le cuidiú le béim srl.<br><br>Ó dhráma go scéal | | | Línte scripte a scríobh don Luchóg atá sna pictiúir<br><br>Script a scríobh do charachtair agus iad ar a mbealach abhaile |
| **Eilifint sa Teach** | Fantaisíocht | Dóigheanna leis an fhuaim **–á-** a léiriú | Scéal a asitriú go dráma – béim ar an phoncaíocht | An **réimír *ró-*** a úsáid le consan agus le guta<br><br>Ainmhithe baininscneacha agus firinscneacha le rangú – aidiachtaí le cur leo | Liosta - focail a léiríonn caint *arsa, ar seisean, srl.*<br><br>Ceisteanna le freagairt<br><br>Frásaí deasa ón scéal a phlé | |
| **Léigh Leat faoin Mhíorchat** | Neamhfhicsean mínitheach | | | **Uimhir iolra x 6** – le haimsiú sa leabhar agus samplaí eile a liostú | Focail agus frásaí deasa ón leabhar – le gearradh/plé<br><br>**Focail le Foghlaim** ardmhin<br>Crosfhocal<br>Focalchuardach<br><br>**Clár ABC -** na míorchait | |

© An tÁisaonad 2009

© An tÁisaonad 2009

# Tá Rud Éigin Ansin *(Céim 16)*




Scríobh do chur síos féin ar an Rud Éigin. Scríobh faoin chuma atá air, faoina phearsantacht, na rudaí is maith leis a dhéanamh agus na rudaí is maith leis a ithe.

..............................................................................................................

Léigh an véarsa eile seo den dán.

Síos, síos, síos,
An íosfaidh sé mé?
Rith leat anois,
Níl an t-am ann é a phlé!

Ag smaoineamh ar an chur síos atá scríofa agat ar an Rud Éigin scríobh do véarsa féin den dán agus é faoi do Rud Éigin féin.

© An tÁisaonad 2009

# Tá Rud Éigin Ansin *(Céim 16)*


Tá na focail **trí** agus **slí** sa dán seo. Déanann siad rím.
Tá dóigheanna eile ann leis an fhuaim **í** a léiriú. Léigh an scéal seo os ard agus scríobh focail ar bith a chluineann tú ina bhfuil an fhuaim seo.

Bí cúramach! Ní bheidh sí scríofa mar **í** i gcónaí.
Cuideoidh na pictiúir seo leat.













Déan tábla i do leabhar nó ar phóstaer. Cláraigh gach cineál **í** a aimsíonn tú. Déan colún de gach ceann. Am ar bith a aimsíonn tú sampla eile i do chuid léitheoireachta cláraigh ar an tábla é.

Cá mhéad colún a thig leat a aimsiú?
Cuideoidh an tábla seo leat an **í** ceart a aimsiú nuair a chluineann tú an fhuaim seo.

**aí** **í** **oí** **uí** **igh**

© An tÁisaonad 2009

# Tá Rud Éigin Ansin, An tArracht Scáfar *(Céim 16)*

Roghnaigh ceann de na boscaí seo. Léigh na treoracha agus déan an obair i do leabhar.

Scríobh treoracha don Arracht Scáfar ón chnoc go dtí an teach solais. Tá an t-eolas seo sa leabhar.



Scríobh litir ón Arracht Scáfar chuig muintir an tí solais ag gearán faoin solas seo.
An mbeidh an litir seo feargach nó múinte?

Cad é an bealach is fearr le hiarraidh ar dhaoine cuidiú leat?



Scríobh scéal eile faoin Arracht Scáfar. Bhí ceol callánach nó babaí ag caoineadh nó callán éigin eile ag cur isteach air. Cad é a rinne sé?
Lean patrún an scéil seo, ná déan dearmad ar **thús**, **lár** agus **deireadh** do scéil! An **TLD**!

Maisigh an focal **SCÁFAR** mar atá déanta sa scéal seo.



© An tÁisaonad 2009

# Tá Rud Éigin Ansin, An tArracht Scáfar *(Céim 16)*

Freagair na ceisteanna seo –

1. Cá raibh an fheirm sa scéal?
2. Cad é a bhí an tArracht Scáfar ábalta a fheiceáil ón chnoc?
3. Cad é a scairt an tArracht Scáfar agus é ar a bhealach?
4. Cad é a tharla don ulchabhán nuair a scanraigh sé é?
5. Ainmnigh trí rud eile a scanraigh an tArracht Scáfar ar a bhealach.
6. Cad é a bhí ar bhéal an arrachta nuair a bhain sé an teach solais amach?
7. Cad é do bharúil den chailín ag deireadh an scéil?
8. Mínigh an dóigh a raibh an t-arracht ag tromaíocht agus an deireadh a bhí leis.



SPLANC! SPLANC! SPLANC! a chuaigh solas an tí solais. Cad é atá ar eolas agat faoi thithe solais? Aimsigh eolas i leabhar nó ar an idirlíon. Mínigh an fáth a mbíonn an solas ag splancadh.

© An tÁisaonad 2009

# Tá Rud Éigin Ansin, Arracht *(Céim 16)*


Déan liosta de na rudaí dalba uilig a dhéanann Arracht.
Cuir leis an liosta seo. Scríobh isteach na rudaí dalba a dhéanann tú féin.
Ansin scríobh liosta de na rudaí maithe a dhéanann tú. Níl tú ró-olc, an bhfuil?



**Seo tuairisc scoile Arrachta. Tá mo sháith iontais orm!**

Scríobh tuairisc scoile Arrachta. Ná déan dearmad ar na hábhair scoile uilig, cad é mar d'éirigh leis sna teisteanna agus na rudaí a scríobh na múinteoirí faoi. Úsáid an leagan amach thíos nó lean an tuairisc a bhíonn ag do scoil féin.

| ***Tuairisc Scoile, Scoil na nArrachtaí, Rang 5*** | | |
|---|---|---|
| Ainm an dalta – ***Arracht Mac Arrachta*** | | |
| **Ábhar** | **Marc** | **Nóta ón mhúinteoir** |
| Teanga | | |
| Matamaitic | | |
| Corpoideachas | | |
| Ealaín | | |
| | | |



© An tÁisaonad 2009

# Tá Rud Éigin Ansin, Arracht *(Céim 16)*

Déan stiallchartún de rud dalba a rinne Arracht. Cad é a tharla dó ina dhiaidh sin?

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |


**© An tÁisaonad 2009**

# Tá Rud Éigin Ansin, Arracht *(Céim 16)*

Is **ainmfhocal** é an focal **arracht**. Is ainm é chomh maith - **Arracht!**

**ainmfhocal = duine, áit nó rud**

**Bíonn ceannlitir ar an ainmfhocal más ainm é.**




Déan ainmneacha de na hainmfhocail seo. Ná déan dearmad ar an cheannlitir! Tá an chéad cheann déanta duit.

Chuaigh mo mhadadh agus mo chat amach ar an bhóthar.
<u>Chuaigh Réics agus Fido amach ar an bhóthar.</u>

Tá an cailín agus an buachaill sin ag troid.

Tá mo mhamaí agus mo dhaidí ag dul amach anocht.

Tá an fear seo agus an fear sin ag caint go callánach.

Déan liosta de na hainmfhocail atá sa leabhar seo i do leabhar oibre. Ciorclaigh na hainmneacha. An bhfuil ceannlitreacha leo?

© An tÁisaonad 2009

# Rud Gránna na gCos Gruagach *(Céim 16)*

## Scríobh do Scéal féin!

Léigh na leathanaigh 38-41. Scríobh do thús-scéal féin bunaithe air seo. Úsáid cuid de na smaointe thíos nó cum do chuid féin.

Sa seanteach dorcha……

Ar an taobh thall den chnoc…

Sa seanteach sin tá seomra faoin díon…

Ar an long mhór adhmaid tá cábán dubh dorcha…

Ar chúl an tí tá poll mór domhain…

Cad é atá ag deireadh do thús-scéil? An cineál arrachta atá ann? An duine scáfar atá ann? Déan cur síos ar an charachtar seo. Cuideoidh na ceisteanna seo leat.

*An bhfuil súile gránna aige?* *An bhfuil a chuid gruaige ina colgsheasamh?*
*An bhfuil lámha móra gruagacha air?* *An mbíonn sé ag stánadh ort gan stad?*
*An bhfuil do chroí i do bhéal agat?* *An dtosaíonn sé a shiúl go fadálach ionsort?*
*An labhraíonn sé leat i nglór grusach íseal?* *An léimeann sé i do threo go tobann?*

Críochnaigh do scéal mar atá sa leabhar seo. Gabh siar ar an turas a rinne tú ag tús an scéil.
An mbeidh deireadh greannmhar le do scéal féin? Nó an mbeidh deireadh eile agat?

© An tÁisaonad 2009

# Rud Gránna na gCos Gruagach *(Céim 16)*

**Cé?** **Cá háit?** **Cá huair?** **Cad é?** **Cad chuige?**

Ceisteanna, ceisteanna, ceisteanna.
Cad iad na ceisteanna a spreagfadh na freagraí seo?

Chuaigh Lúsaí amach ag siúl.

Chuaigh Lúsaí amach ag siúl anonn an droichead.

Chuaigh Lúsaí amach ag siúl anonn an droichead lá amháin.

Chuaigh Lúsaí amach ag siúl lá amháin anonn an droichead le dul chuig an seanscioból.

Bhí Rud Gránna na gCos Gruagach sa seanscioból.

Ná déan dearmad. Tosaíonn gach ceist le ceannlitir agus críochnaíonn sí le comhartha ceiste.

**Ceist?** **Cén cheist?** **Ar chuir tusa ceist?**

© An tÁisaonad 2009

# Rud Gránna na gCos Gruagach *(Céim 16)*


## Comhfhocal

Cuardaigh an dá fhocal seo sa scéal *Rud Gránna na gCos Gruagach.*

**seanscioból** **seanurlár**

An bhfeiceann tú go bhfuil dhá fhocal curtha le chéile anseo?
Cad é an dá fhocal atá ann?


Tugtar comhfhocail ar na focail seo.




Aimsigh na comhfhocail sa sliocht seo thíos. Déan liosta. An bhfeiceann tú patrún? Mínigh an séimhiú i gcomhfhocal. Scríobh do riail féin.

Bhí seanbhean agus seanfhear ina gcónaí i seanteach i sráidbhaile cois farraige. Bhí an seanfhear fíorchinnte go raibh an seanteach seo róbheag. Ba mhian leis teach níos mó a cheannach.
"Ba bhreá liom teach mór le carrchlós taobh amuigh," arsa an seanfhear lá.
"Carrchlós?" arsa an seanbhean. "Táimid i sráidbhaile beag, níl spás ann do charrchlós!"

In amanna briseann comhfhocail an riail caol le caol, leathan le leathan!
Ar aimsigh tú focal ar bith eile a bhriseann an riail seo?





© An tÁisaonad 2009

Rud Gránna na gCos Gruagach *(Céim 16)*


# LÉARSCÁIL

Déan léarscáil den turas a rinne an cailín sa scéal seo. Léigh an leabhar ar dtús agus déan nóta de gach áit a dtéann sí. Cuir siombailí ar an léarscáil leis na haiteanna uilig a léiriú.



# ARRACHTAÍ

Amharc go cúramach ar na harrachtaí uilig atá sa leabhar seo.
Cad é an chuma atá orthu?
Cén sórt pearsantachta atá acu? Cad iad na nósanna atá acu?
Smaoinigh ar d'arracht féin. Déan pictiúr de.
Déan cur síos ar a chuma, a phearsantacht agus a chuid nósanna.






© An tÁisaonad 2009

# Ar Thóir na nDragan *(Céim 16)*

Roghnaigh ceann de na dragain ón leabhar. Déan pictiúr de sa bhosca thíos agus déan lipéid de chodanna a choirp mar atá déanta sa leabhar.
Thig leat baill an choirp a chumadh más maith leat.

**© An tÁisaonad 2009**

# Ar Thóir na nDragan *(Céim 16)*



## Bí ag Scríobh!

### Scéal

Scríobh scéal faoi dhragan. Scéal a chum tú féin nó scéal a chuala tú roimhe faoi dhragan.
Ná déan dearmad ar struchtúr do scéil.

Tús – tús iontach a spreagann suim,
carachtair a chur in aithne,
cur síos ar do dhragan,

Lár – cur síos ar eachtra éigin,
rud éigin a tharla don dragan

Deireadh – fadhb a réiteach,
d'oibrigh gach rud amach,
bhí drochdheireadh leis.

Déan suimiúil é! Úsáid aidiachtaí, samhlacha agus frásaí suimiúla.

### Treoracha

Scríobh treoracha do dhuine atá ag dul a bheith ag tabhairt aire do dhragan. Amharc siar ar an obair a rinne tú don leabhar *Ag Tabhairt Aire do Labhraí* agus na leabhair faoi na luchóga.

Cad é do bharúil a bheidh de dhíth ar dhragan le bheith beo agus le bheith aclaí?




### Eolas

Aimsigh níos mó eolais ar na dragain. Amharc i leabhair eile nó ar an idirlíon.

An rud fíor nó bréagach é an dragan?


Aimsigh eolas ar an dragan Comódó.



© An tÁisaonad 2009

# Luchóg Bheag Chróga *(Céim 16)*

Is é an t-ainmhí is lú an t-ainmhí is cróga sa scéal seo. An dtig leat smaoineamh ar scéal eile a bhfuil an téama seo ann. Scríobh cur síos gairid ar an scéal sin.
Tá scéal ag baint leis an amhrán seo thíos. Léigh na focail agus ceol é. (*fonn- Down in the Woods)*
Scríobh an scéal seo i d'fhocail féin.



| Véarsa 1 | Véarsa 2 | Véarsa 3 | Véarsa 4 |
|---|---|---|---|
| Is mise an leon,<br>Níl mé sásta inniu.<br>Tá dealg i mo lapa,<br>Bú, hú, hú.<br>Tá dealg i mo lapa,<br>Cad é dhéanfaidh mé?<br>Ag caoineadh is ag búireach,<br>Go deireadh an lae.<br><br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>Bain amach an dealg,<br>De mo lapa mór donn.<br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>An bhfuil duine ar bith ansin<br>A chuideoidh liom? | Thuas sa chrann<br>Bhí moncaí beag greannmhar.<br>Ina chodladh go sámh<br>Lá breá grianmhar.<br>Cé sin thíos?<br>Cad é atá de dhíth?<br>Bí ciúin ansin,<br>Tá mé ag déanamh mo scíth'<br><br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>Bain amach an dealg,<br>De mo lapa mór donn.<br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>An bhfuil duine ar bith ansin<br>A chuideoidh liom? | Seo anois an nathair,<br>Fada agus cuartha.<br>Coimhéad amach,<br>Beidh gach duine buartha.<br>Ag deifriú ar aghaidh,<br>Ní bhfuair sí an deis.<br>D'amharc sí ar an leon,<br>Ach níor chuidigh sí leis!<br><br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>Bain amach an dealg,<br>De mo lapa mór donn.<br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>An bhfuil duine ar bith ansin<br>A chuideoidh liom? | Seo chugainn an luchóg,<br>Luchóg bheag chróga.<br>Dealg i do lapa?<br>Nár chaith tú do bhróga?<br>Cuideoidh mé,<br>Fan socair anois.<br>Tharraing sí an dealg,<br>Chuidigh sí leis!<br><br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>Bain amach an dealg,<br>De mo lapa mór donn.<br>Cuidigh liom,<br>Ó cuidigh liom.<br>An bhfuil duine ar bith ansin<br>A chuideoidh liom? |

*(Tá an t-amhrán seo ar CD amhráin na nDódaí)*

**© An tÁisaonad 2009**

# Luchóg Bheag Chróga *(Céim 16)*

Tá 4 fhocal sa scéal seo scríofa le ceannlitreacha. In amanna scríobhann údair focail le ceannlitreacha le go seasfaidh siad amach. An maith leatsa an stíl seo i scéal?
An gcuidíonn sé leat an scéal a léamh?

Scríobh na focail seo in abairtí. Scríobh iad sa dóigh go seasfaidh siad amach. Úsáid ceannlitreacha nó maisigh iad ar do dhóigh féin –

**beaing** **splais** **go tobann** **ag sioscadh** **ag slaparnach**



Tá a fhios againn 3 chúis a mbíonn ceannlitir ann.
An cuimhin leat iad?

Scríobh amach na habairtí seo agus cuir isteach na ceannlitreacha atá ar iarraidh.
Thig leat focail iomlána a scríobh le ceannlitreacha más maith leat BÉIM a chur orthu.

tá mise ag dul chuig an siopa anois.


an bhfuair tú an leabhar sin go fóill?

tá máire agus tomás ag imeacht anois.


ní fhaca síle rud chomh mór sin riamh ina saol.

© An tÁisaonad 2009


# Luchóg Bheag Chróga *(Céim 16)*



Amharc go cúramach ar na focail **Luchóg Bheag Chróga**.
Cad é a thugann tú faoi deara? Cad chuige, do bharúil, a bhfuil na séimhithe ann?




Ar an tábla thíos tá na hainmhithe roinnte – na hainmhithe baineanna agus na hainmhithe fireanna. Scríobh aidiachtaí in aice leis na hainmhithe. Ná déan dearmad cad é a tharlaíonn do na haidiachtaí sin!



| ***Ainmhithe Baineanna*** | ***Ainmhithe Fireanna*** |
|---|---|
| muc *mhór bhándearg* | madadh *beag dubh* |
| eilifint | cat |
| caora | capall |
| bó | leon |
| luchóg | moncaí |
| cearc | sioráf |
| nathair | damhán alla |
| lacha | béar |

© An tÁisaonad 2009

# Luchóg Bheag Chróga *(Céim 16)*




Tá an fhuaim **úúúúúú** sa scéal seo.

Tá roinnt dóigheanna ann leis an fhuaim seo a léiriú. Amharc ar an tábla thíos leis na samplaí den fhuaim úúúúú. Aimsigh focail eile sa leabhar seo agus i leabhair eile. Abair na focail os ard go gcluinfidh tú iad.

| **ú** ***tú*** | **u** ***orthu*** | **adh** ***dreapadh*** |
|---|---|---|
| | | |

© An tÁisaonad 2009

## Ar Thóir na nDineasár *(Céim 16)*

Gearr amach na focail seo agus gearr ina siollaí iad.
Más maith leat, scríobh focal fada de do chuid féin sa spás eile.

Cuir na siollaí ar ais le chéile. Abair gach siolla ceann ar cheann – cuideoidh sé seo leat na focail fhada seo a léamh.


Cad é a thugann tú faoi deara faoi na gutaí sna focail seo? Scríobh cur síos gairid ar riail na ngutaí.


| | |
|---|---|
| Tríceireatóp | Tíoránasár |
| Steigeasár | Apatasár |
| Dipleadócas | |

© An tÁisaonad 2009

# Ar Thóir na nDineasár *(Céim 16)*

Tá na píosa faoi na dineasáir sa leabhar seo san aimsir chaite. Cad chuige sin, do bharúil? Cén duine thíos atá ceart?




D'athraigh muid an **briathar** leis an ráiteas thuas a cheartú.
Athraigh na briathra sna habairtí thíos le go mbeidh siad ceart.

Seasann an dineasár seo ar a chosa deiridh.

Maireann na dineasáir i dtréad.

Caitheann dineasáir cuid mhór ama ag cuardach bia.

Tosaíonn na dineasáir ag fáil bháis sa deireadh.

Cad é a thugann tú faoi deara faoi na briathra thuas? Is **briathra rialta** iad. Scríobh an riail!

Is briathra rialta na briathra sna habairtí seo fosta.
Cuir san aimsir chaite iad agus scríobh an riail. Coimhéad an ceann deireanach!

Eitlíonn éin san aer.

Imíonn an duine sin i gcónaí.

Éirím ar a seacht a chlog.

Fásann na duilleoga ar an chrann sin.

**© An tÁisaonad 2009**

# Ar Thóir na nDineasár *(Céim 16)*

Roghnaigh dineasár amháin ón leabhar seo nó dineasár eile a bhfuil suim agat ann.

Déan pictiúr mór de agus cuir lipéid air ag léiriú chodanna a choirp.


Aimsigh eolas ar an dineasár seo agus scríobh sliocht faoi.

Smaoinigh ar na ceisteanna seo le cuidiú leat –

Cén chuid den domhan inar mhair an dineasár

Cad é mar a chaith an dineasár seo an lá?

An raibh namhaid ag an dineasár seo?



Úsáid na focail thíos i do shliocht eolais.

| | | | |
|---|---|---|---|
| tréad | cnámh rufach | adharca | cosa deiridh |
| cosa tosaigh | luibhiteoir | feoiliteoir | uiliteoir |
| cosaint | seilg | creachadóir | reiptílí |

© An tÁisaonad 2009

# An Sciobaire Bróg *(Céim 16)*



Cuir i gcás gur tháinig an Sciobaire Bróg isteach chuig do scoil féin. Scríobh alt do nuachtán áitiúil ag míniú gach rud a tharla.

| | |
|---|---|
| Cad é a rinne an múinteoir? | Cad é a rinne na páistí? |
| Ar sciob sé na bróga? | An ndeachaigh duine ar bith sa tóir air? |
| An bhfuair sibh na bróga ar ais? | Cad é a tharla sa deireadh? |

Amharc ar nuachtáin leis an stíl scríbhneoireachta a fheiceáil. Amharc ar shamplaí de *Lá Nua, Foinse, The Irish News* nó páipéar áitiúil i do cheantar féin.
Ní hionann an stíl agus scéal a scríobh – Bí cúramach!

Amharc chomh maith ar na ceannlínte a bhíonn sna nuachtáin. Tá nós acu an túslitir chéanna a úsáid don cheannlíne.

**Gadaí Gasta a Ghoid an tIomlán**

**Múinteoir Míshásta!**

Úsáid ceann de na ceannlínte thíos nó scríobh do cheann féin le cur leis an alt atá scríofa agat.

**SCIOB SCIOBAIRE BRÓGA SNASTA SA SCOIL!**

**Bróga na bPáistí Bainte!**

© An tÁisaonad 2009

# An Sciobaire Bróg *(Céim 16)*

Léigh an comhrá seo atá sa leabhar, leathanach 4 – 5.

“Tabhair ar ais ár mbróga!” a scairt siad.
“Ní thabharfaidh!” arsa an Sciobaire, agus d’imigh sé leis agus é ag gáire.
“Cad é a dhéanfaimid?” arsa an múinteoir.
“Ní thig linn dul sa tóir air. Níl bróga ar bith againn.”
“Thig linn rith cosnochta,” arsa na páistí.

Bíonn líne nua ann do chainteoir nua.

Bíonn ceannlitir ag tús gach abairte a deir duine.


Bíonn comhartha cainte thart ar na rudaí a deir duine.

Bíonn na comharthaí eile taobh istigh de na comharthaí cainte.

Bíonn lánstad, camóg, comhartha uaillbhreasa nó comharthaí cainte ag deireadh gach abairt a deir duine.

Léiríonn focail mar ***arsa, a scairt, a bhéic, a d’fhreagair, a scread*** go bhfuil duine ag caint fosta.

Tháinig an Sciobaire isteach i do rang féin ar scoil. Scríobh an comhrá a bhí sa rang.
Cad e a dúirt an múinteoir?
Cad é a dúirt na páistí i do rang?
Cad é a dúirt an Sciobaire?






“Ná déan dearmad ar an eolas uilig thuas!” arsa an múinteoir.

© An tÁisaonad 2009

## An Sciobaire Bróg *(Céim 16)*

"Tabhair ar ais **ár mbróga**!" a scairt na páistí.

| | | |
|---|---|---|
| mo (mise) | "An maith leat **mo bhróga**?" arsa an eilifint. |  |
| do (tusa) | "Ní thig leat siúl ar an tine sin gan **do bhróga**!" arsa an Gúrú. |  |
| a (eisean) | "An bhfaca tú **a bhróga** peile?" arsa a mhamaí. |  |
| a (ise) | "Ní maith liom **a bróga** ar chor ar bith," arsa an cailín faiseanta. |  |
| a (iad) | "An bhfaca tú **a mbróga**?" arsa an múinteoir leis an Sciobaire Bróg nuair a sciob sé bróga na bpáistí. |  |
| ár (muid) | "Cá bhfuil **ár mbróga**?" arsa an cúpla. |  |
| bhur (sibh) | "Tógaigí **bhur mbróga**!" arsa Mámaí leis an chúpla. |  |

Úsáid an tábla thuas le cuidiú leat d'abairtí féin a scríobh leis na focail seo.
Thig leat cloí le focal amháin nó thig leat meascán d'fhocail a úsáid.
Scríobh 7 n-abairt ag léiriú gach ceann de na samplaí thuas.

balún bata bád béal beart bia

© An tÁisaonad 2009

## Focail le Foghlaim *(Céim 16)*

Gearr amach na focail seo. Cleacht iad le cara. Cóipeáil iad agus úsáid iad le cluiche *snap* nó *péirí* a imirt. Foghlaim an dóigh lena litriú.

| | |
|---|---|
| chonaic | ní fhaca |
| ag teacht | thosaigh |
| uirthi | d'fhág |
| ag cuidiú | itheann |
| ag iarraidh | chuig |
| ní raibh | fuair |
| tháinig | chuaigh |
| eile | bíonn |
| le chéile | réidh |
| tharla | iontach |

© An tÁisaonad 2009




## Focail le Foghlaim *(Céim 16)*




Gearr amach na focail seo. Cleacht iad le cara. Cóipeáil iad agus úsáid iad le cluiche *snap* nó *péirí* a imirt. Foghlaim an dóigh lena litriú.




| | |
|---|---|
| chuala | rachaidh |
| nuair | cuidigh |
| againn | caoineadh |
| acu | orthu |
| feicim | duine |
| caithfidh | bheith |
| ag éirí | ar aghaidh |
| seachtain | ag tabhairt |
| oíche | amháin |
| tabharfaidh | dóibh |

© An tÁisaonad 2009

# FOCAIL AG SÉIDEADH SA GHAOTH












**Scríobh na focail ar na seolta.**
**Imir an cluiche seo le cara. Nuair atá na focail ar eolas agaibh úsáid iad leis na focail a scríobh ar na seolta. Cuireann duine amháin ceist ar dhuine eile focal ón liosta a litriú agus a scríobh ar bhád. Do rogha féin! Ag an deireadh seiceáil an litriú le do chara. Má tá sé ceart tá na focail ag séideadh leis an ghaoth! Beidh seal ag do chara anois.**

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh *(Céim 17)*




Déan pictiúr de mhadadh sa bhosca. Scríobh aidiachtaí sna boscaí beaga thart ar do phictiúr. Úsáid na haidiachtaí atá sa dán agus ansin aimsigh do chuid féin.

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh *(Céim 17)*

## Abairtí Acrastaice

Aimsigh aidiachtaí leis na habairtí acrastaice seo a dhéanamh. Tá an chéad cheann déanta duit. Thig leat an abairt a thosú ar do bhealach féin. Thig leat níos mó ná aidiacht amháin a úsáid.

**Tá an cat**

**c** iotach

**a** claí

**t** e



**Tá an madadh**

**m**

**a**


**d**

**a**

**d**

**h**





**Tá an capall**

**c**

**a**

**p**

**a**

**l**

**l**

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, An Lá Contráilte *(Céim 17)*

Scríobh sna boscaí thíos cad é a dhéanann Marcas agus Sorcha gach lá sa tseachtain. Tá an t-eolas uilig sa leabhar.

Scríobh sa bhosca dheireanach an lá is fearr leatsa den tseachtain agus na rudaí a dhéanann tú an lá sin.


| | |
|---|---|
| **Dé Luain** | **Dé Mairt** |
| **Dé Céadaoin** | **Déardaoin** |
| **Dé hAoine** | **Dé Sathairn** |
| **Dé Domhnaigh** | |

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, An Lá Contráilte *(Céim 17)*



Tá cineálacha éagsúla bád ann. Bád farantóireachta atá sa scéal seo. Is bád é a thugann daoine agus carranna ó áit amháin go háit eile.



Is cineálacha éile bád iad seo –

**long, long phaisinéirí, bád seoil, luamh, galbhád, bád rámhaíochta**

Aimsigh níos mó eolais ar na báid seo agus déan iarracht cur leis an liosta. Scríobh ailt eolais ar 4 bhád agus déan pictiúir le dul leo.

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, An Lá Contráilte *(Céim 17)*

Léigh leathanach 18 sa scéal seo. Cá mhéad abairt atá ar an leathanach seo.




Léigh an abairt seo thíos. An bhfuil sí mar an gcéanna leis an abairt sa leabhar?

> Nuair a d'éirigh sí scairt sí ar Mharcas arís is arís eile ach níor tháinig Marcas.

Léigh an abairt thuas os ard agus léigh an abairt sa leabhar os ard. An mothaíonn tú difear sa dóigh a léann tú?
Mínigh i d'fhocail féin an úsáid atá leis na camóga sa leabhar san abairt seo.

Cuir camóga sna habairtí thíos. Léigh amach iad go gcluinfidh tú an bhfuil sos de dhíth.

Dé Luain tháinig mé ar scoil sa charr.

Ba mhaith liomsa dul cinnte.

An bhfuil Séan níos airde ná Máire, do bharúil?

Ansin thit siad uilig ar an urlár.

Go minic bíonn prátaí againn don dinnéar.

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, Maróg Chliste *(Céim 17)*

Abair an scéal seo i d'fhocail féin. Cuir na himeachtaí sa scéal in ord agus déan cartún sna boscaí thíos. Scríobh an scéal sna boscaí faoi na pictiúir agus déan bolgáin chainte sna pictiúir.

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, Maróg Chliste *(Céim 17)*

Amharc ar leathanach 30. An bhfeiceann tú an focal **d'amharc**? Briathar rialta atá ann san aimsir chaite. Tosaíonn sé le guta.

Tá na habairtí thíos san aimsir láithreach agus tosaíonn siad le guta. Cuir san aimsir chaite iad. Ná déan dearmad go bhfuil deireadh an bhriathair le hathrú chomh maith leis an tús! Tá an chéad cheann déanta duit.

Amharcaim ar an chlár teilifíse sin.
*D'amharc mé ar an chlár teilifíse sin.*

Osclaíonn Seán an doras go cúramach.

Ithim mo bhricfeasta ag an tábla.

Ólann an cat sin barraíocht bainne.

Éiríonn Máire go luath ar maidin.

Anois, bí cúramach leis na cinn seo. Bíonn séimhiú ar na briathra rialta san aimsir chaite. Bíonn an litir **f** ciúin le séimhiú agus, mar sin, is é an guta an chéad fhuaim san fhocal.
Cuir na habairtí seo san aimsir chaite. An dtig leat an riail a oibriú amach?

Fanann mo mhamaí taobh amuigh den scoil dom.

Fágann Seán a obair bhaile ar scoil.

Fásann an coileán beag go hiontach gasta.

Fiafraíonn sé dom cá raibh mé.

© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, Maróg Chliste *(Céim 17)*

Scríobh do scéal féin faoi áit eile ar cailleadh páiste agus peata a chuaigh sa tóir air. Lean patrún an scéil seo agus na habairtí agus na smaointe thíos le cuidiú leat.

**Tús an scéil –**

An mbeidh do scéal san aimsir chaite nó san aimsir láithreach?
Cé hiad na carachtair a bheidh i do scéal?
Cá bhfuil na carachtair seo ag dul?
An bhfuil peata libh? Cén t-ainmhí atá ann?



***Abairtí a chuideoidh leat –***

*Bhí muid uilig inár suí sa charr.* *Bhí arán agus prátaí de dhíth don dinnéar.*
*Tá an babaí tuirseach traochta.* *Is breá liomsa dul chuig na siopaí.*

Lár an scéil-

Cad é an siopa ina raibh na carachtair?
Cad é a bhí le ceannach acu?
An bhfuair siad na rudaí a bhí de dhíth orthu?




***Abairtí a chuideoidh leat-***

*Bhí muid tamall fada ag roghnú rudaí.* *Bhí an babaí ina thost sa deireadh.*
*Thuig muid go raibh an babaí ar iarraidh.* *Bhí cuma an-bhuartha ar Mhamaí.*

Deireadh an scéil-

Cé a chuidigh sa deireadh?
Cad é mar a fuair sibh an babaí?
Cad é mar a mhothaigh gach duine ag an deireadh?



***Abairtí a chuideoidh leat-***

*Is tú an peata is cliste ar domhan.* *Chuaigh muid abhaile sona sásta.*
*Nach iontach an rud a rinne sé.* *Ní raibh an babaí buartha ar chor ar bith.*
*Bhí faoiseamh ar Mhamaí.* *Beidh Fido ag dul chuig na siopaí níos minice.*

© An tÁisaonad 2009

## Bí ag Scríobh!

Scríobh an scéal seo i d'fhocail féin.

An scéal fíor é seo? Cad é atá an scéal seo a mhíniú dúinn? Scríobh paragraf ar an rud atá an scéal seo a mhíniú.

An síleann tú gur míniú maith atá ann?




Is scéal é seo a mhíníonn cad chuige a dtéann ainmhithe sa tóir ar ainmhithe eile.
Ní bhíonn na scéalta seo i gcónaí fíor.

Aimsigh scéalta eile nó scríobh faoi scéalta eile atá ar eolas agat a mhíníonn rudaí dúinn. *m.sh. An fáth a bhfuil brollach dearg ar an spideog.*




Baineann an scéal seo le biashlabhra maidir le madaí, cait agus luchóga.

Aimsigh eolas ar bhiashabhraí eile agus scríobh i do leabhar iad. Beidh tuilleadh eolais ar enchantedlearning.com agus cuardaigh *food chains.*



© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, Madaí, Cait agus Luchóga *(Céim 17)*




Is léir go raibh na páipéir sa scéal seo iontach tábhachtach ag na madaí. Cad é do bharúil a bhí sna páipéir seo? Tá roinnt smaointe thíos a dtiocfadh leat a chur leo, sin nó do bharúil féin a léiriú. Maisigh do pháipéar mar atá na cinn thíos agus scríobh do smaointe air.










© An tÁisaonad 2009

# Mo Mhadadh, Madaí, Cait agus Luchóga *(Céim 17)*



Amharc go cúramach ar theideal an scéil seo. Tá trí chineál iolra ann.
Déan tábla i do leabhar mar atá thíos agus cuir na focail ag bun an leathanaigh san uimhir iolra agus ar an áit cheart ar an tábla.
Aimsigh samplaí eile de na hiolraí seo i leabhair eile agus cuir ar na liostaí iad fosta.

| **Madadh - Madaí** | **Cat - Cait** | **Luchóg - Luchóga** |
|---|---|---|
| | | |

bróg cos leabhar gasúr cuileog císte bád lámh

crann ríomhaire feadóg cóta mála pláta tábla

duilleog fuinneog féileacán camán stoca clár


briosca cupán muc rothar banana cloch

© An tÁisaonad 2009



# Mo Mhadadh, Madaí, Cait agus Luchóga *(Céim 17)*

Cad é an fhuaim a chluineann tú go minic sna frásaí seo thíos? Cuir líne fúthu nó scríobh amach na focail.



| | | |
|---|---|---|
| Ar mhol tú do mhuc? | An bhfuil do mhac abhus? | Bhog an mhuc i bhfad siar. |

| | | |
|---|---|---|
| Ar bhuail sé do mhála leis an bhata sin? | Tá an bhó mhór ar an bhalla. | Tá mo lámha róbhog. |

An bhfeiceann tú go bhfuil dóigheanna éagsúla ann leis an fhuaim chéanna a léiriú?

Amharc sa leabhar seo agus i leabhair eile. Abair focail amach os ard go gcluinfidh tú samplaí eile den fhuaim seo. Beidh siad ag tús, lár nó deireadh focal. Déan liosta de na focail seo agus cuir i rannóga iad. Tá samplaí de na rannóga seo thíos.

| bh | mh | bhf |
|---|---|---|
| | | |

© An tÁisaonad 2009

# Scoil na Madaí *(Céim 17)*



## Aimsigh Eolas!

### Madaí ag Daoine sa Scoil

Déan taighde ar na madaí atá ag daoine i do scoil féin.
Bailigh eolas sa scoil ar na madaí atá ag na daltaí agus ag na daoine fásta.
Déan ceistiúchán leis na ceisteanna seo air;


*An bhfuil madadh agat?*
*Cén cineál madaidh atá agat?*
*Cad é an t-ainm atá ar do mhadadh?*
*An dtig le do mhadadh cleasa a dhéanamh?*

Cláraigh an t-eolas a bhailigh tú.
Cá mhéad duine sa scoil a bhfuil madadh acu? Cén céatadán?
An bhfuil cineál ar leith coitianta ann?
An bhfuil ainmneacha coitianta ann?
Ar aimsigh tú eolas ar bith eile?

### Eolas ar Mhadaí

Aimsigh a thuilleadh eolais ar na madaí; na cineálacha madaí, nósanna na madaí, stair na madaí.
Cuardaigh an t-eolas seo i leabhair eile nó ar an idirlíon.

Aimsigh eolas ar an dóigh le haire a thabhairt do mhadadh.







© An tÁisaonad 2009

# Scoil na Madaí *(Céim 17)*


Tá Bóna ag foghlaim orduithe i Scoil na Madaí. Tugann do mhúinteoir orduithe don rang go minic i do scoil féin.
Athraíonn orduithe má tá níos mó ná duine (nó madadh) amháin i gceist.

**Bain**
amach an
cnámh sin!






**Bainigí**
amach na
cnámha sin!

| | |
|---|---|
| **Cuir nó Cuirigí**<br>............ na lámha in airde.<br> | **Amharc nó Amharcaigí**<br><br>............ ar an rud sin thall. |
| **Cuir nó Cuirigí**<br>............ ort an t-uachtar gréine seo.<br> | **léim nó léimigí**<br><br>OK ............ nuair a deirim libh. |
| **Stad nó Stadaigí**<br><br>............... den chaint sin thíos ansin! | **Tóg nó Tógaigí**<br><br>.......... in airde é. Maith thú! |
| **Ceol nó Ceolaigí**<br>........... chomh binn liomsa!<br> | **bí nó bígí**<br><br>Ná ........ mall anois! |

© An tÁisaonad 2009

# Scoil na Madaí *(Céim 17)*

Tá fuaim áirithe ar iarraidh sna focail thíos. Roghnaigh an bealach ceart leis an fhuaim seo a léiriú. Amharc i do leabhar leis an litriú ceart a chinntiú ag an deireadh.
Tá an rogha sa bhosca thíos.



| uigh | aí | i | í |
|---|---|---|---|

Tá na mad…… sin ag troid.

Nuair a deirim "s………" le mo mhadadh léimeann sé suas.

Imíonn mo mhadadh ina r….th.

B…..g…. réidh anois.

B….onn Bóna ag iarraidh súgradh.

'L…….. síos ansin,' a deirim.

Aon, dó, tr…… .

Tá mo mhadadh ag ligean a sc….the.

Bíonn mo mhadadh ag ……the go minic.

© An tÁisaonad 2009

# Áit don Gháire *(Céim 17)*

Is athinsint é an dráma seo ó Scéalta Uncail Remus.

Scéalta traidisiúnta a bhí ag Uncail Remus as deisceart na Stát Aontaithe.
Aimsigh níos mó eolais ar scéalta Uncail Remus i leabhair eile nó ar an idirlíon.

Scríobh alt eolais ar an mhéid a d'aimsigh tú.



Scríobh an dráma seo mar scéal.

Aimsigh tús, lár agus deireadh (**TLD**) an dráma sula dtosaíonn tú agus úsáid sin le hord a chur i do scéal.


Ná déan dearmad ar na comharthaí cainte nuair a bhíonn carachtair ag caint!



Tabhair isteach miotóga agus maisigh iad mar charachtair an scéil seo, nó scéal eile a thaitníonn leat.

Déan cúlra don dráma ar phíosa mór cairtchláir – déan crainn, bláthanna, tithe, srl, air.

Tabhair páirteanna do dhaoine i do ghrúpa agus déanaigí an dráma don rang.



© An tÁisaonad 2009

Áit don Gháire *(Céim 17)*

Gearr amach na focail seo agus meaitseáil iad.

| | | |
|---|---|---|
| mór | beag | níos airde |
| níos mó | níos lú | is mó |
| níos deise | níos fearr | callánach |
| olc | níos callánaí | is airde |
| maith | is deise | is callánaí |
| is lú | ard | deas |
| is fearr | is measa | níos measa |

© An tÁisaonad 2009

# Madaí *(Céim 17)*

Déan clár **ABC** ar na madaí. Líon isteach na colúin **A** agus **B** roimh thosú ar an leabhar seo agus líon isteach colún **C** i ndiaidh duit an leabhar a léamh agus ansin arís i ndiaidh duit a thuilleadh eolais a chuardach.

| **A**<br>**Ar eolas agam** | **B**<br>**Ba mhaith liom a fhoghlaim** | **C**<br>**Cad é a d'fhoghlaim mé?** |
|---|---|---|
| | | |

© An tÁisaonad 2009

## Madaí *(Céim 17)*

Tá an leabhar seo scríofa san aimsir láithreach.
Mínigh an aimsir láithreach i d'fhocail fein……………………………………………………………

Tá na scéalta sa leabhar *Mo Mhadadh agus Scéalta eile* scríofa san aimsir chaite. Mínigh an aimsir chaite i d'fhocail féin……………………………………………………….

Gearr amach na habairtí seo agus sórtáil iad de réir aimsire. Cuir in ord iad le scéal a dhéanamh. Cad é a thugann tú faoi deara faoi na briathra?

| |
|---|
| Téann mo mhadadh amach ag siúl gach lá. |
| Thug mé aire mhaith do mo mhadadh. |
| Tugaim bia do mo mhadadh dhá uair sa lá. |
| D'imir muid peil le chéile. |
| Tá madadh iontach deas agam féin. |
| Lá amháin, thug mé mo mhadadh chuig an pháirc. |
| Tugaim aire mhaith do mo mhadadh. |
| Bhí madadh agam nuair a bhí mé beag. |
| Go tobann, d'imigh mo mhadadh leis. |
| Músclaíonn mo mhadadh go luath gach lá. |
| Chuardaigh mé ach níor tháinig mé air. |
| Bíonn mo madadh ag tafann le háthas. |

**© An tÁisaonad 2009**

# Madaí *(Céim 17)*

Tá an t-innéacs ar chúl an leabhair seo in ord aibítre.
Cleacht an aibítir arís le do chara. Cuir na litreacha thíos in ord aibítre mar dul siar.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| n | m | l | r | a | c | j | e | u | i | o |




Tá focail eile ón leabhar sna boscaí thíos. Cuir in ord aibítre iad. Ná déan dearmad, má tá an túslitir chéanna ann go n-amharcann tú ar an dara litir.

Ansin aimsigh an leathanach ar a bhfuil siad sa leabhar agus scríobh innéacs eile don leabhar.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| aire | bia | seacáil | fionnadh | fiacla |
| diongó | bainne | póilíní | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| feoil | domhan | feirmeoirí | mac tíre |
| coileán | madadh tarrthála | | |

Scríobh liosta focal ó leabhar eile anois agus tabhair do chara é lena chur in ord aibítre. Déan cinnte go bhfuil focail ann a thosaíonn leis an túslitir chéanna leis an tasc a dhéanamh deacair!






© An tÁisaonad 2009

# An Troid ar an Chnoc *(Céim 17)*

Foghlaim an rann seo –


**Ag dul suas, thuas, ag teacht anuas.**
**Ag dul síos, thíos, ag teacht aníos.**





Déan léarscáil den turas a rinne na muca agus na gabhair. Déan an dá thaobh den chnoc agus na rudaí a chonaic siad ar an bhealach. Déan an dá theach ar an dá thaobh den chnoc fosta.

Scríobh isteach na línte ón rann thuas ag léiriú cén treo a bhfuil siad ag dul.




© An tÁisaonad 2009

# An Troid ar an Chnoc *(Céim 17)*

, , , , , , , , , , , , , ,

Léigh an abairt seo atá ar leathanach 9 sa leabhar. Léigh amach os ard í agus cuir béim ar na camóga. An gcuidíonn na camóga leat í a léamh?

Roll siad thart leis na bláthanna beaga, thart leis na carraigeacha crua, thart leis an chrann cham, síos, síos, síos.

Cuir camóga sna habairtí seo nuair a shíleann tú go bhfuil sos san abairt agus go gcuideoidh siad leat an abairt a léamh.

Chuaigh na muca thart leis an charraig dhubh thart leis na poill choiníní thart leis na bláthanna arda suas suas suas.

Nuair a bhí an phicnic thart chuaigh siad síos an cnoc.

Tháinig an dinnéar ag rolladh anuas an cnoc aníos an cosán agus isteach ar an doras.

Stad an troid ach ní raibh bia ag na gabhair.

Stad an troid agus ansin bhí na hainmhithe cairdiúil.



Tá mé as anáil ag léamh gan chamóga!

© An tÁisaonad 2009

# An Troid ar an Chnoc *(Céim 17)*


Roghnaigh na codanna d'abairtí thíos agus cuir le chéile iad le habairtí éagsúla a dhéanamh.
Cá mhéad abairt ar fad a thig leat a dhéanamh? Úsáid cearnóg bhuí, ghorm agus dhearg i ngach abairt.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tá | Fuair | Tháinig | Bhí |
| an seanfhear bán | an mhuc mhór bhán | an dinnéar | troid mhillteanach |
| ag ithe ceapaire | na burgair bhlasta | ag rolladh anuas an cnoc | ar bharr an chnoic |

© An tÁisaonad 2009

# An Troid ar an Chnoc *(Céim 17)*

Tá cuid mhór fuaimeanna sa leabhar seo ina seasann dhá litir d'fhuaim amháin. Cuardaigh iad agus déan liosta leo. Úsáid leabhair eile le cur le do liostaí.




© An tÁisaonad 2009

# Focail le Foghlaim *(Céim 17)*

Freagair na ceisteanna nó cuir isteach na focail atá ar iarraidh sna habairtí seo. Déan iarracht iad a scríobh gan amharc i do leabhar. Is focail iad a d'fhoghlaim tú do chluichí roimhe seo. Tá 15 ann ar fad!

- **An bhfaca tú madadh ollmhór riamh? __________.**
- **Tá mo mhamó ___ ________ ar cuairt chugainn amárach.**
- **An bhfuil tú ________ anois. Thig linn imeacht.**
- **Bím ____ _______ le mo dhaidí lena chuid oibre.**
- **An bhfuil tú ____ ___________ súgradh liom inniu.**
- **_________ mé an leabhar ar ais chuig an leabharlann.**
- **An mbíonn tú ____ _________ airgid do na daoine bochta?**
- **Ba mhaith liom ________ mór cosúil leatsa.**
- **_____________ mé punt duit má dhéanann tú é.**
- **Déanfaimid beirt ____ _______ é.**
- **__________ a thugaimid ar sheacht lá.**
- **Músclaíonn mo hamstar gach _____.**
- **Gabh ____ _______ anois nó beidh tú mall.**
- **Chuir sí ________ a cóta.**
- **Cad é a _______ do na bláthanna sin?**












© An tÁisaonad 2009

# Caisearbhán *(Céim 18)*

Is saighdiúir é an caisearbhán sa dán seo. Is saighdiúir é an bláth seo!

Tugtar **meafar** ar an dóigh seo le cur síos a dhéanamh ar rud. Déanann an t-údar cur síos ar an bhláth mar a bheadh saighdiúir ann. An síleann tú go bhfuil an nós seo éifeachtach? Déan do chuid **meafar** féin leis na pictiúir ar an tábla thíos. Déan pictiúir de rud eile a chuireann síos orthu in aice leo.

Ansin úsáid na **meafair** seo in abairtí suimiúla.

| | | | |
|---|---|---|---|
|   |  |  |  |
|  |  |  |  |
|  |  |  |  |

© An tÁisaonad 2009

# Caisearbhán *(Céim 18)*

Is planda an-suimiúil é an caisearbhán. Tá pisreoga, leighis agus scéalta ceangailte leis.

Déan pictiúr de chaisearbhán sa bhosca thíos. Ansin aimsigh blúiríní eolais ar an chaisearbhán agus scríobh sna boscaí iad.

Cuardaigh i leabhair eile nó ar an idirlíon.

***Pis en lit* an Fhraincis atá ar chaisearbhán. Ciallaíonn sé sin 'mún sa leaba'. Deirtear go ndéanfaidh tú mún sa leaba má phiocann tú caisearbhán.**

**© An tÁisaonad 2009**

# Caisearbhán, Féar Fada an tSeanbhóthair *(Céim 18)*

Déan póstaer nó fógra poist don nuachtán áitiúil ag fógairt poist leis an fhéar fhada a lomadh. Smaoinigh ar na ceisteanna thíos le cuidiú leat. Smaoinigh ar eolas eile a bheadh de dhíth.







© An tÁisaonad 2009


## Caisearbhán, Féar Fada an tSeanbhóthair *(Céim 18)*

Tá an focal **sean** in úsáid sa scéal seo go minic.

**Tá seanbhean ina cónaí ar an seanbhóthar.**

Amharc go cúramach ar an rud a tharlaíonn nuair a chuireann tú **sean** roimh fhocail. Mínigh an riail i d'fhocail féin.

Cuir **sean** roimh na focail seo. Ná déan dearmad ar an séimhiú nuair is féidir é!



bean

bóthar

fear

bothán

buidéal

mála

leabhar

pictiúr

grianghraf

bosca

scéal

bó



**Cuir na focail nua in abairtí nó scríobh scéal beag leo.**

*Bí cúramach le focail a thosaíonn le* **n**!

**sean-nathair**. *Tá fleiscín ann le nach mbeidh dhá* **n** *in aice lena chéile.*

© An tÁisaonad 2009

# Caisearbhán, Féar Fada an tSeanbhóthair *(Céim 18)*

**Freagair na ceisteanna seo. Scríobh na freagraí i do leabhar.**






1. Cad é an fhadhb a bhí leis an seanbhóthar seo?
2. Ar thaitin an féar fada leis na páistí?
3. Cad chuige a raibh na tuismitheoirí buartha faoin fhéar fhada?
4. Mínigh plean uimhir a haon a bhí ag an tSeanbhean.
5. Mínigh plean uimhir a dó a bhí an an tSeanbhean.
6. Cad é an réiteach a bhí acu sa deireadh?
7. An dtig leatsa smaoineamh ar réiteach eile ar an fhadhb seo?
8. An bhfuil féar sa ghairdín agat sa bhaile nó ar scoil? Cad é mar a choinnítear gairid é?
9. Tháinig muintir an tSeanbhóthair ar réiteach iontach. Tá sé maith don timpeallacht agus maith mar bhia do na muca guine. An dtig leatsa smaoineamh ar réiteach eile leis an fhéar sa bhaile nó ar scoil a choinneáil gairid?



© An tÁisaonad 2009

# Caisearbhán, Féar Fada an tSeanbhóthair *(Céim 18)*

Aimsigh uimhir iolra na bhfocal ar an tábla thíos sa scéal. Ansin aimsigh samplaí eile sa leabhar seo agus i leabhair eile a leanann an patrún céanna agus scríobh sna colúin chearta iad.

| **stoca - stocaí** | **cos - cosa** | **bus - busanna** | **clár - cláir** | **oibrí - oibrithe** |
|---|---|---|---|---|
| páiste- …………………… | muc ghuine-………….. | carr - …………………… | tom - …………………… | teach - …………………… |
| peata- …………………… | | | gabhar - ……………… | tiománaí - …………… |
| tuismitheoir-…………. | | | | |
|  |  |  |  |  |

© An tÁisaonad 2009

# Caisearbhán, Plandaí m'Aintín *(Céim 18)*


Bíonn uaschamóga in úsáid againn go minic sa Ghaeilge. Tá nós againn uaschamóg a úsáid nuair atá dhá ghuta in aice lena chéile – guta ag deireadh focail agus guta ag tús focail.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| mo | aintín | = | m | ' | aintín | |

Cuir **mo** nó **do** roimh na focail seo thíos agus cuir in abairtí iad.
Ná déan dearmad ar an uaschamóg!

aois — uncail — úll — eilifint

asal — intinn — ainm — aird — airgead



An bhfuil a fhios agat go bhfuil **fh** cosúil le guta sa Ghaeilge?
Agus tá mise i **m'fhear grinn**!

Cuir **mo** nó **do** roimh na focail thíos a thosaíonn le **f**.
Ná déan dearmad ar an séimhiú an iarraidh seo! Tá an **f** séimhithe cosúil le guta.

fuinneog — focal — folcadán — féasta

*Bí cúramach le focail a thosaíonn le cnuaschonsain. Freagra - Mo fhreagra!*

© An tÁisaonad 2009

# Caisearbhán, Plandaí m'Aintín *(Céim 18)*

Frásaí Deasa

Tá roinnt frásaí deasa sa scéal seo a bheadh úsáideach i do chuid scríbhneoireachta féin.
Aimsigh na frásaí thíos sa scéal. Cad é do bharúil a chiallaíonn siad? Mínigh i d'fhocail féin iad.




















Scríobh do scéal beag féin faoin aintín agus an raithneach bheag. Cad é a tharla don raithneach bheag nuair a cheol m'aintín léi gach lá?
Úsáid na frásaí thuas le do scéal a dhéanamh suimiúil.

© An tÁisaonad 2009

# Caisearbhán, Plandaí m’Aintín *(Céim 18)*

Léigh leathanach 30 sa leabhar seo. Cá mhéad paragraf a fheiceann tú ann? Úsáideann scríbhneoirí paragraif le scéalta a chur in ord agus le hathrú beag a léiriú.



Bíonn paragraf nua ann nuair atá athrú ama ann, athrú áite nó duine ag labhairt.

Bíonn paragraf nua ann nuair a thosaíonn carachtar ag caint nó má fheiceann tú frásaí ar nós –

**An tseachtain dár gcionn** **Lá arna mhárach** **Ansin**
**Lá amhain** **go mall aréir** **I ndiaidh cúpla bomaite**
**díreach ansin** **blianta ina dhiaidh sin**

Cuir paragraif sa scéal seo thíos.

An t-am seo anuraidh a thosaigh na fadhbanna seo nuair a fuair m’aintín a céad phlanda. Planda beag bídeach a bhí ann ach, ar ndóigh, níor mhair sé mar sin i bhfad. Lá amháin, ar na mallaibh, chuaigh mé ar cuairt ar m’aintín ach ní fhaca mé in áit ar bith sa teach í. Bhí plandaí gach áit. Scairt mé in ard mo chinn, “A Aintín, a Aintín,” a bhéic mé. Chuala mé glór beag bídeach ag tabhairt freagra agus lean mé é. Bhí m’Aintín i bhfolach faoin leaba. “Cad chuige a bhfuil tú thíos ansin?” a dúirt mé. Dhírigh sí a méar ar na plandaí. Go mall aréir agus na plandaí glanta amach againn shocraigh m’Aintín nach mbeidh planda sa teach aici arís.



© An tÁisaonad 2009

## Caisearbhán, An Madadh Rua agus na Fíonchaora *(Céim 18)*

Is scéal de chuid Aesóip é an scéal seo.




**Bhí mé beo níos mó ná 2000 bliain ó shin. Bhí cuid mhór scéalta ar eolas agam ó bhéal. Ansin, scríobh daoine síos iad le go dtiocfadh le daoine iad a léamh mar atá déanta agatsa.**
**Tá ceacht le foghlaim ó gach ceann de mo scéalta.**

Deir Aesóp go bhfuil teachtaireacht nó ceacht le foghlaim óna chuid scéalta. Mínigh an scéal seo. Ar chuala tú daoine ag rá 'fíonchaora searbha' nó *'sour grapes'* riamh? Cad é a chiallaíonn sé?



Deirtear *'silíní searbha'* sa Ghaeilge nó ní raibh fíonchaora ar bith in Éirinn.

Aimsigh níos mó eolais ar Aesóp agus ar a chuid scéalta. Cuardaigh eolas i leabhair eile nó ar an idirlíon. Scríobh alt eolais ar Aesóp agus ainmnigh cuid de na scéalta a bhí aige.

Léigh Scéalta Aesóip (An Gúm) nó *Aesop's Fables* nó *Aesop's Funky Fables*. Is féidir scéalta a léamh ar líne chomh maith. Cad é an scéal is fearr leat? Cad é an teachtaireacht atá sa scéal seo? Déan stiallchartún i do leabhar den scéal is fearr leat.


Bhí scéalta ar eolas ag Aesóp **ó bhéal**. D'inis sé na scéalta, níor scríobh sé iad. Tá traidisiúin bhéil in Éirinn fosta. Foghlaim scéal ó bhéal tú féin agus inis don an rang é.




© An tÁisaonad 2009

## Caisearbhán, An Madadh Rua agus na Fíonchaora *(Céim 18)*


Tá an fhuaim chéanna ag **ea** agus atá ag **a** sa Ghaeilge.
Aimsigh focail leis an fhuaim seo sa leabhar seo agus i leabhair eile agus déan dhá liosta sna boscaí thíos.




© An tÁisaonad 2009

# Dialann Lus Gréine *(Céim 18)*




Déan cairt nó stiallchartún de na hathruithe a tháinig ar an síol thar am. Scríobh cúpla abairt ag bun gach bosca lena mhíniú.

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

© An tÁisaonad 2009

# Dialann Lus Gréine *(Céim 18)*




Tá tionscadail anseo le déanamh. Roghnaigh an ceann is fearr leat. Sin nó b'fhéidir gur mhaith leat iad uilig a dhéanamh.

Amharc ar leathanach 5 sa leabhar. Tá lus gréine ann a léiríonn séasúir na bliana. Scríobhadh an leabhar seo ó thus sa Nua-Shéalainn. Ní hionann na séasúir atá ansin agus na séasúir atá in Éirinn. Amharc ar chruinneog agus mínigh seo i d'fhocail féin. Ansin déan do lus gréine féin leis na séasúir in Éirinn a léiriú.



Amharc ar leathanach 7 sa leabhar. Thig leat rudaí a thomhas ar dhóigheanna éagsúla. Tomhais rudaí i do sheomra ranga. Úsáid rudaí éagsúla le rudaí a thomhas. *m.sh. Tomhais an doras le leabhar. Tomhais do chloigeann le sreagán.* Liostaigh na rudaí a thomhais tú i do leabhar agus abair an dóigh ar thomhais tú iad.



Tá míniú ar leathanach 8 ar an dóigh a nglacann planda bia agus uisce. Cuir bláth gearrtha i gcrúiscín uisce dhaite (úsáid dath bia). Feicfidh tú an t-uisce daite ag dul suas an gas agus trí chuislí na nduilleog.
Coinnigh dialann thar chúpla lá de thuras an uisce dhaite.



Tá pictiúr clúiteach de chuid Vincent Van Gogh de na lusanna gréine ar leathanach 13. Aimsigh eolas ar Vincent Van Gogh agus a phictiúr i leabhair eolais nó ar an idirlíon.
Léigh an leabhar *Camille agus na Lusanna Gréine,* An tÁisaonad, le tuilleadh eolais a fháil.



© An tÁisaonad 2009

## Cochaillín Dearg *(Céim 18)*



Freagair na ceisteanna seo faoin dráma.

1. Cé hé an scéalaí sa dráma seo? An dtig leat é a aimsiú ar gach leathanach sa dráma?

2. Cad chuige a bhfuil an t-ainm Cochaillín Dearg ar an chailín sa dráma? Cad é a chiallaíonn an t-ainm seo?

3. Cad é a rinne an Mac Tíre nuair a bhain sé teach Mhamó amach?

4. Cad chuige a ndúirt an Mac Tíre go raibh a chuid fiacla iontach mór?

5. Cad é a dúirt an Mac Tíre sa scéal traidisiúnta nuair a dúirt Cochaillín Dearg go raibh a chuid fiacla iontach mór?

6. Cad é a tharla nuair a tháinig an Coillteoir chuig an doras?

7. An ionann an dráma seo agus an scéal traidisiúnta faoi Chochaillín Dearg? Cad iad na difríochtaí?

8. An fearr leat an leagan seo den scéal nó an fearr leat an scéal traidisiúnta? Mínigh do fhreagra.

9. Scríobh do leagan féin de Scéal Chochaillín Dearg i do leabhar. B'fhéidir gurb í Mamó nó an Coillteoir an duine dalba sa scéal.

© An tÁisaonad 2009


# Cochaillín Dearg *(Céim 18)*



Léigh leathanach 10 sa dráma. Scríobh amach mar scéal é i do leabhar. Ná déan dearmad ar an phoncaíocht. Beidh ort comhartha cainte a úsáid agus focail ar nós **arsa, dúirt, a scairt, a d'fhreagair sé,** srl. le cur leis an chaint.



Tá Mamó agus Cochaillín Dearg ag dul amach don lón ag deireadh an dráma. Scríobh an comhrá a bhí acu sa bhialann mar scéal. Ná déan dearmad ar an phoncaíocht. Ní dráma atá ann ach scéal.



Scríobh an comhrá a bhí ag an Choillteoir agus an Mac Tíre ar a mbealach abhaile. Scríobh an comhrá seo mar dhráma. Scríobh an duine atá ag caint ag tús gach píosa cainte agus déan pictiúr beag den charachtar chomh maith mar atá déanta sa leabhar seo.



© An tÁisaonad 2009

# Cochaillín Dearg *(Céim 18)*

Tá scéal grinn *cnag, cnag* ar leathanach 4. Caithfidh tú an t-ainm Niall a léamh mar *níl* lena dhéanamh.

Tá cúpla scéal *cnag, cnag* eile thíos. Léigh le cara iad.











Úsáid na focail ar na doirse thíos le do chuid féin a scríobh. Ansin déan iarracht do chuid féin a chumadh go hiomlán.
Scríobh scéalta *cnag, cnag* eile i nGaeilge agus i mBéarla.













© An tÁisaonad 2009


# Ollphlanda don Ollphanda *(Céim 18)*



Amharc go cúramach ar theideal an leabhair seo. Tá dhá fhocal ann atá scríofa chóir a bheith mar an gcéanna. Cad é an difear atá eatarthu?

Ní hionann ciall an dá fhocal seo ar chor ar bith. Mínigh ciall na bhfocal seo i d'fhocail féin.

**Ollphlanda**



**Ollphanda**

Tá an réimír **oll** cosúil leis an cheann **sean** a bhí againn sa scéal *Féar Fada an tSeanbhóthar* i gCéim 18. Is focal nó cuid d'fhocal é **réimír** a chuirimid roimh fhocal eile agus a athraíonn an chiall.

Cuir **oll** roimh na focail thíos agus cuir in abairtí iad leis an chiall úr a mhíniú. Ná déan dearmad go mbeidh séimhiú ar an bhunfhocal nuair is féidir é.

**scoil** **margadh** **cathaoir**


**péist** **mór** **puball**

© An tÁisaonad 2009


## Ollphlanda don Ollphanda *(Céim 18)*

Bí ag obair le cara. Cuardaigh na focail atá in innéacs an leabhair sa leabhar. Úsáid na focail seo thíos le hinnéacs nua a dhéanamh.
Ná déan dearmad go gcaithfidh na focail bheith in ord aibítre agus go mbeidh uimhir an leathanaigh le scríobh fosta.

**duilleoga**……………………………………………………………………………………
**gas**……………………………………………………………………………………………..
**domhan**………………………………………………………………………………………..
**péacáin**………………………………………………………………………………………
**bréagáin**………………………………………………………………………………………
**crann**…………………………………………………………………………………………….
**gléasanna ceoil**……………………………………………………………………………..
**bambú**..……………………………………………………………………………………………



Bí ag obair le cara. Scríobh focail anois ó leabhar eile a thaitin leat. Tabhair do chara iad lena gcur in ord aibítre. Tabharfaidh do chara ceann duitse!
Ná déan dearmad focail a roghnú leis an túslitir chéanna lena dhéanamh deacair! Iarr ar do chara na focail a chur in ord aibítre agus iad a chuardach sa leabhar le huimhir an leathanaigh a chuardach agus a scríobh.




© An tÁisaonad 2009

# Ollphlanda don Ollphanda *(Céim 18)*

Tá na fuaimeanna **–ach–** le feiceáil go minic sa leabhar seo. In amanna tá siad ag deireadh nó i lár focal, amanna eile seasann siad leo féin mar fhocal.

Déan liosta de na focail seo atá sa leabhar seo agus ansin cuardaigh samplaí eile i leabhair eile.

Líon isteach na litreacha atá ar iarraidh ar an ghréasán thíos le focail eile a dhéanamh.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | b | e | a | l | | | |
| | | | | | | b | e | | | |
| b | l | e | | | | | | | r | e |
| | | | | b | | | | | á | n |
| | | | | | | | | | | |
| | | | a | i | | | | | | t |
| | | | | | s | | l | | | |

© An tÁisaonad 2009

# Ollphlanda don Ollphanda *(Céim 18)*

Déan clár **ABC** ar bhambú nó ar na hollphandaí. Líon isteach na colúin **A** agus **B** roimh thosú ar an leabhar seo agus líon isteach colún **C** i ndiaidh duit an leabhar a léamh agus ansin arís i ndiaidh duit a thuilleadh eolais a chuardach.

| **A**<br>**Ar eolas agam** | **B**<br>**Ba mhaith liom a fhoghlaim** | **C**<br>**Cad é a d'fhoghlaim mé?** |
| --- | --- | --- |
| | | |

**© An tÁisaonad 2009**

# Bí ag Scríobh – le hEolas a Léiriú

Amharc ar léarscáil, ar chruinneog nó ar *googleearth*. Aimsigh an Áise. Aimsigh níos mó eolais ar an chuid seo den domhan.
Cé hiad na daoine a chónaíonn ann?
Cad iad na teangacha a labhraíonn siad?
Cad é an bia a itheann siad?
Cén sórt saoil atá acu?
Scríobh alt eolais faoin Áise agus léirigh don rang é.



Scríobh alt nó déan póstaer ag léiriú eolais ar na hollphandaí.

Cá maireann siad?
Cad é a itheann siad?
Cad iad na nósanna atá acu?




Scríobh alt eolais ar an bhambú.

Cá bhfásann sé?
Cad é mar a fhásann sé?
Cad iad na húsáidí atá leis?



Scríobh alt eolais ar an fhéar.

Tá cineálacha éagsúla féir ann. Déan cur síos ar na cineálacha seo.
Cá bhfásann siad?
Cad iad na húsáidí atá leo?




© An tÁisaonad 2009

# Scéalta faoi Bhláth *(Céim 18)*

Tá finscéalta clúiteacha luaite sa scéal seo agus iad sa *Leabhar Mór Finscéalta* atá ag Anna.






Na Trí Mhuc Bheaga
Cochaillín Dearg
Gilín Sneachta
Luaithríona
An Fear Sinséir




Bí ag obair le grúpa. Roghnaigh ceann de na scéalta sin agus scríobh an scéal ar bhealach s'agaibh féin. Maisigh le pictiúir é agus léigh do ghrúpa nó do rang eile é.




Cuir na scéalta seo uilig le chéile agus déan *Leabhar Mór Finscéalta* de bhur gcuid féin sa rang. B'fhéidir go dtiocfadh libh iad a léamh le ranganna níos óige.


© An tÁisaonad 2009

# Scéalta faoi Bhláth *(Céim 18)*

Scríobh isteach an leagan ceart de na réamhfhocail atá ar iarraidh sna habairtí thíos.



"Tá leabhar trom de dhíth _________," arsa Mamaí agus Anna.

"Tá leabhar beag de dhíth _______ le léamh anois," arsa Anna.

"Tá scíste de dhíth ________," arsa Mamaí le Mamó agus Anna tinn.

"Na bláthanna, rinne mé dearmad ________," arsa Anna.


"Tar ar cuairt _________ go luath," arsa Anna agus Mamaí le Mamó.

"Beidh mé ar cuairt _________ amárach," a d'fhreagair Mamó.

"Cuirfidh Mamó cárta ar ais _______," arsa Anna le Mamaí.

"Cad é faoi Mhamó?" arsa Mamaí. "Déan cárta deas ____."

"Tar isteach agus bain an cóta sin ________," arsa Mamaí le Anna.








© An tÁisaonad 2009

# Scéalta faoi Bhláth *(Céim 18)*

Tá focail sa scéal seo ina bhfuil litreacha dúbailte. Déan liosta de na focail seo agus ansin aimsigh a thuilleadh i leabhair eile.








© An tÁisaonad 2009


# Scéalta faoi Bhláth *(Céim 18)*


Tá fréamh ar bhláthanna agus ar phlandaí. Fásann an planda ón fhréamh. Tá briathra rialta mar an gcéanna – tá fréamh leo agus fásann na haimsirí eile ón fhréamh.


Amharc thíos ar an bhriathar **pioc** atá sa leabhar seo. Tá an fhréamh faoin talamh. An aithníonn tú an aimsir chaite, an aimsir láithreach agus an aimsir fháistineach ar na duilleoga? Cad é a rinne muid leis an fhréamh?





Cuir isteach na haimsirí eile – aimsir chaite, aimsir láithreach agus aimsir fháistineach sna boscaí folmha ar na duilleoga.








© An tÁisaonad 2009

# Focail le Foghlaim *(Céim 18)*

Freagair na ceisteanna thíos agus scríobh na freagraí ar an chrosfhocal.

## Aimsigh na Focail




**Trasna**
1. An mbíonn daoine ag léamh leatsa?
5. An rachaidh Mamó ar cuairt chuig Anna?
7. An bhfaca Anna na bláthanna sa ghairdín?
8. Bhí Anna tinn seacht lá. Cad é an focal a chiallaíonn seacht lá?

**Síos**
2. An raibh Anna feargach go raibh seanbhláthanna ina leabhar?
3. An dtabharfaidh Anna an cárta do Mhamó?
4. An ndeachaigh Anna a luí agus í tinn, do bharúil?
6. Ar chuala Anna Mamaí ag léamh scéalta?

© An tÁisaonad 2009

© An tÁisaonad 2009


# Snáthaid Mhór Shnasta *(Céim 19)*

Scríobh do dhán féin cosúil leis an cheann atá sa leabhar. Úsáid an tús sa bhosca thíos nó roghnaigh feithid éigin eile a chuireann isteach go mór ort nó a thaitníonn go mór leat.




Tá cuileoga ag eitilt i mo sheomra inniu,
Éirigh anois agus cuir an ruaig orthu.

Tá dán nó abairtí acrastaice déanta den fhocal **cuileog** thíos. Roghnaigh feithid nó mionbheithíoch eile agus déan do cheann féin i do leabhar. Úsáid neart aidiachtaí le cur síos a dhéanamh ar an fheithid. Is féidir focail, abairtí nó frásaí a úsáid.
Tá liosta d'fheithidí agus mionbheithí eile ann le cuidiú leat.





C callánach ag eitilt ag an fhuinneog
U uchtach ag eitilt i m'aghaidh
I iargúlta óna cuilchairde eile
L lofa ag cur salachair ar mo bhia
E eaglach roimh na rudaí móra
O olc don tsláinte
G gránna leis na súile beaga sin



cuiteog
beach
céadchosach
bóín Dé
dreoilín teaspaigh
seangán
cláirseach

© An tÁisaonad 2009

# Dreoilín Teaspaigh ar mo Leaba *(Céim 19)*

Tá cártaí thíos do chluiche ríme. Cuir isteach focail eile a dhéanann rím sna boscaí folmha. Ansin cum cluiche agus scríobh na treoracha do chairde. Imir an cluiche le do chairde. An bhfuil na treoracha soiléir?

| | | |
|---|---|---|
| luí | dreoilín teaspaigh | leaba |
| cnaptha | rith | scíth |
| lámha | cnámha | dó |
| treo | níos airde | cairde |
| cosa | níos fusa | císte |
| scíste | trom | liom |
| | | |
| | | |


© An tÁisaonad 2009

## Dreoilín Teaspaigh ar mo Leaba *(Céim 19)*

Amharc go cúramach ar an phoncaíocht ar leathanach 7.
Tá ceannlitir leis an fhocal **Ina** agus leis an fhocal ***Ag*** cé nach tús abairte atá ann. Tá poncaíocht ar leith ann a bhaineann le dánta.


Amharc siar ar dhánta eile atá léite agat. Scríobh amach roinnt línte a léiríonn an stíl poncaíochta seo. Mínigh é i d'fhocail féin.

Léigh an dán seo thíos agus déan na ceartúcháin don fhile bhocht.







le rím agus focail agus rithim shnasta
is maith liomsa dánta le poncaíocht chasta
líne a chríochnaíonn ar chamóg bheag dheas
ach ceannlitir ina dhiaidh? A leithéid de chleas
"ceannlitir i ndiaidh lánstad," arsa mo mhúinteoir liom
ach ceannlitreacha sna dánta nuair a bhuaileann an fonn
oibrigh amach an riail anois duit féin
agus scríobh arís an dán seo le poncaíocht go tréan




© An tÁisaonad 2009

# Dreoilín Teaspaigh ar mo Leaba *(Céim 19)*




Tá an fhuaim chéanna ar iarraidh sna focail seo thíos. Roghnaigh an dóigh cheart leis an fhuaim seo a léiriú. Tá rogha agat! Tá na focail uilig sa scéal seo más maith leat iad a sheiceáil ag an deireadh.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| í | uí | aigh | aoi | íth | ith | igh |

Bh___ mé i mo l___ ar mo leaba nuair a chonaic mé dreoil__n teasp___ ina sh___ ag amharc orm. Bh___ sé f___ na blaincéid ag amharc amach orm. Rinne sé a sc____. D'éirigh mé agus r___ mé chuig bun na leapa. "Im____ amach as sin," a scairt mé. D'im____ sé ina r____ .



Déan liosta i do leabhar de na féidearthachtaí thíos den fhuaim seo. Cuardaigh i do leabhair eile agus aimsigh samplaí eile den dóigh leis an fhuaim seo a léiriú.

| í | ith | aidh | oí |
|---|---|---|---|
| | | | |

© An tÁisaonad 2009

## Bí ag Scríobh!


### Aimsigh eolas

Ciallaíonn damhán alla 'damhán balla' de thairbhe go mbíonn siad ar bhallaí. Baineann an scéal seo le damhán uisce, a bhíonn san uisce.

Aimsigh níos mó eolais ar dhamháin alla agus ar dhamháin uisce.

Aimsigh an t-eolas i leabhair eolais nó ar an idirlíon.


Scríobh alt eolais don ghrúpa.




### Póstaer/Leabhar eolais


Déan póstaer nó leabhar eolais le do ghrúpa faoi na damháin uisce nó faoi fheithid eile a thaitníonn libh.

Léirigh don rang nó do rang eile é.









### Scéal

Scríobh scéal faoi uair a tháinig tú féin ar dhamhán alla.


Cá raibh tú ag an am?


Cá raibh an damhán alla?

An raibh gréasán déanta aige?

An raibh eagla ortsa nó ar dhuine éigin eile?

Cad é an chuma a bhí ar an damhán alla seo?






© An tÁisaonad 2009

# Snáthaid Mhór Shnasta, An Damhán Uisce *(Céim 19)*


Léigh leathanach 16 sa leabhar. Tá comhrá ann idir Ali agus an cailín atá ag insint an scéil. Tá paragraf nua ann gach uair a labhraíonn duine nua.

Scríobh comhrá gairid idir tú féin agus do chara faoi na rudaí a thaitníonn libh nó nach dtaitníonn libh faoin leabhar seo. Cuir isteach dhá phíosa cainte uaitse agus dhá phíosa cainte ó do chara.

Ná déan dearmad go mbeidh paragraf nua ann gach uair a labhraíonn duine nua!




Scríobh leathanach 16 amach mar script dráma. Cuir scéalaí sa dráma agus cuir isteach treoracha stáitse.



© An tÁisaonad 2009


# Snáthaid Mhór Shnasta, An Rás Mór *(Céim 19)*

Léigh na leathanaigh 33 go 37. Ar thug tú na camóga faoi deara?
Mínigh dhá bhealach a bhfuil camóga in úsáid ar na leathanaigh seo i d'fhocail féin.

**camóg 1** ……

**camóg 2** ……

Léigh na leathanaigh seo agus ansin scríobh arís iad leis na camóga sna háiteanna cuí.



**Ar aghaidh leat déan rás leis an chuiteog.**

**Ar aghaidh leat tóg do mhála scoile.**

**"Cuir le d'fhocal" arsa lon dubh a bhí ag éisteacht.**

**"Déan do chuid oibre" arsa an múinteoir.**

**Má tá tú chomh gasta le d'fhocal féin níor chóir duit bheith buartha.**


**Má tá tú tuirseach traochta ba chóir duit dul a luí.**

**Íosfaidh mise mo dhinnéar má shíleann tú go bhfuil ocras orm.**

**Tá go maith beidh rás againn más mian libh a fhad leis an chrann sin.**

**Tá go maith rachaidh mé leat más mian leat suas chun tí.**

**Is cuma liom anois ach más mian leat beidh sé níos fearr amárach.**



© An tÁisaonad 2009

# Snáthaid Mhór Shnasta, An Rás Mór *(Céim 19)*


Cuir isteach an leagan ceart den réamhfhocal atá ar iarraidh sna habairtí thíos.

Sin damhán alla. Tá an chuma air nár mhiste _____ bheith san uisce.

Damhán alla atá ann. Níl mé ag déanamh dochair _____.

Shín sé amach a lámh le ligean _____ amharc air.

Bhí mise agus Ali ag caint. Scairt Mamaí _______ go raibh an lón réidh.



Chonaic muid é. Bhí iontas _______.

Chuala Dreoilín Teaspaigh glór beag in aice _______.

"Cé atá i gceist _______?" arsa Dreoilín Teaspaigh le Cuiteog.

"Beidh rás _____!" arsa Cuiteog le Dreoilín Teaspaigh.

"Bíodh ciall _____!" arsa Dreoilín Teaspaigh le Cuiteog.


"Cuir le d'fhocal," arsa lon dubh a bhí ag éisteacht _____.



© An tÁisaonad 2009

# Snáthaid Mhór Shnasta, An Rás Mór *(Céim 19)*

Tá go leor frásaí deasa sa scéal seo a dhéanann an scéal níos suimiúla.







Scríobh do scéal féin faoi Dhreoilín Teaspaigh nó faoi fheithid eile.
B'fhéidir go síleann an Bhóín Dé go bhfuil sí speisialta cionn is go bhfuil *Dia* ina hainm.
B'fhéidir go síleann an Damhán Alla a mhór dó fein cionn is go bhfuil ocht gcos air.

Scríobh do scéal féin ag úsáid oiread frásaí deasa agus a thig leat.

© An tÁisaonad 2009


# Snáthaid Mhór Shnasta, An Rás Mór *(Céim 19)*

Freagair na ceisteanna seo –


1. **Is é Dreoilín Teaspaigh an t-ainmhí is gasta ar domhan. Cé hé an t-ainmhí is gasta faoin talamh?**



2. **Cad é an moladh a bhí ag Cuiteog?**
3. **An raibh Dreoilín Teaspaigh sásta glacadh leis an mholadh seo a bhí ag Cuiteog?**
4. **Cad é a dúirt an lon dubh a bhí ag éisteacht? Cad é a bhí i gceist aige?**



5. **Cad é an duais a bheadh ag buaiteoir an rása?**
6. **Cad é a dúirt Lon Dubh le tús a chur leis an rás?**
7. **Cad é an chuma a bhí ar Chuiteog sa rás?**
8. **Cé a bhain an rás sa deireadh?**



9. **Cad é a rinne Dreoilín Teaspaigh ag deireadh an rása?**


Déan pictiúr de Dhreoilín Teaspaigh agus scríobh cur síos ar a phearsantacht faoi. Cad é an bia is fearr leis? Cad é mar a chaitheann sé an lá? An bhfuil cairde aige?

Cum 5 cheist do chara mar atá ar leathanach 29.

***Ceist*** - An tú……..
***Freagra*** - Is mé.

© An tÁisaonad 2009

# An Damhán Comhla *(Céim 19)*




Tá trí chineál damhán pléite againn go dtí seo; an damhán alla, an damhán uisce agus an damhán comhla. Is focal eile *comhla* ar dhoras. Déanann an damhán comhla doras sa talamh agus téann sé i bhfolach ann. Aimsigh eolas ar na damháin seo agus scríobh sna boscaí thíos iad.

| *Damhán alla* | *Damhán uisce* | *Damhán comhla* |
|---|---|---|
| | | |

© An tÁisaonad 2009



# An Damhán Comhla *(Céim 19)*



Leigh leathanach 22 faoin damhán comhla baineann.
Bíonn ainmfhocail sa Ghaeilge baininscneach nó firinscneach. Amharc ar na hainmfhocail sna boscaí thíos. Tá cuid acu baininscneach agus tá cuid acu firinscneach. Cuir aidiachtaí leo agus déan na hathruithe atá de dhíth lena léiriú cé acu baininscneach nó firinscneach atá siad. Tá an chéad cheann déanta duit.

## AINMFHOCAIL BHAININSCNEACHA


bó mhór bhán
muc …………………………………..
fuinneog …………………………..
bean ……………………………….
grian ………………………………
gealach …………………………..
scoil ……………………………….
caora ……………………………
obair ……………………………….

## AINMFHOCAIL FHIRINSCNEACHA

tábla mór donn
doras ……………………………………….
cat ……………………………………………..
madadh ……………………………………
capall ……………………………………….
leabhar …………………………………..
peann ……………………………………….
fear ……………………………………………
cailín ………………………………………..
buachaill …………………………………..
bosca ……………………………………….
domhan ……………………………………

© An tÁisaonad 2009

# Tá Slaghdán ar an Dineasár *(Céim 19)*



## Bí ag Scríobh


Scríobh liosta siopadóireachta dineasáir.


Cad é do bharúil a bheadh de dhíth ar dhineasár sa siopa?

B'fhéidir go bhfuil cóisir le bheith aige nó go mbeidh dinnéar speisialta le déanamh aige.

Scríobh an litir a scríobh Dineasár.
Cad é a shileann tú a bhí sa litir a scríobh Dineasár?
Cé chuige ar scríobh sé an litir?
An raibh sé cairdiúil nó an raibh sé feargach sa litir?


Níl blurba ar an leabhar seo agus mar sin ní bhíonn a fhios ag daoine cad é an cineál leabhair atá ann.
Scríobh blurba a spreagfaidh daoine leis an leabhar seo a léamh.





© An tÁisaonad 2009

# Tá Slaghdán ar an Dineasár *(Céim 19)*



Freagair na ceisteanna seo;


1. Cad é a bhí de dhíth ar dhineasár le cuidiú leis an slaghdán?
2. Cad é an rud nach raibh sa teach aige leis an leigheas seo a dhéanamh?
3. Liostaigh na daoine uilig ar bhuail Dineasár leo ar a bhealach chuig an siopa.
4. Cad é a bhí ar siúl ag an Uasal Mac Stua?
5. Cé a bhí le Mara sa siopa?
6. Cad chuige, do bharúil, a raibh slaghdán ar gach duine ag deireadh an scéil?
7. Déan liosta de na focail uilig a dhéanann rím sa leabhar seo. Ansin aimsigh focail eile a dhéanann rím agus cuir ar an liosta iad.



© An tÁisaonad 2009

# Tá Slaghdán ar an Dineasár *(Céim 19)*

Cuardaigh focail sa leabhar le samplaí de na fuaimeanna seo thíos. Aimsigh samplaí eile i leabhair eile. Déan dhá liosta má tá samplaí agat d'fhuaimeanna atá caol agus fuaimeanna atá leathan.




© An tÁisaonad 2009

# An Seangán agus an Dreoilín Teaspaigh *(Céim 19)*

## Ceannlitreacha Tábhachtacha

Amharc ar ainmneacha na gcarachtar atá sa dráma seo ar an chéad leathanach. Anois amharc ar ainmneacha na gcarachtar agus iad in úsáid sa dráma. An bhfeiceann tú go bhfuil CEANNLITIR ag tús gach ainm. Bíonn ceannlitir i gcónaí ag tús ainm.

Scríobh ainmneacha na ndaoine atá i do ghrúpa. Cuir ceannlitir ag tús gach ainm.







Léigh teideal an dráma seo. Cad é a thugann tú faoi deara?
Amharc go cúramach ar na ceannlitreacha. Tá ceannlitreacha ar na focail **thábhachtacha** agus ar an chéad fhocal.
Amharc ar leabhair eile le samplaí eile a fheiceáil.


Scríobh na teidil leabhar seo mar is ceart le ceannlitreacha ar na focail;


| |
|---|
| an fear sinséir agus an madadh rua<br>mé fein agus mo mhamó<br>an fear mór agus an madadh beag<br>na muca beaga agus an mac tíre<br>an cat a d'ól an bainne |

© An tÁisaonad 2009

# An Seangán agus an Dreoilín Teaspaigh *(Céim 19)*

Tá na carachtair sa dráma seo an-mhúinte lena chéile. Cuir caint i mbéal na gcarachtar thíos agus cuir isteach na frásaí a léiríonn go bhfuil siad dea-bhéasach. Úsáid frásaí eile a léiríonn dea-bhéasaí.







Nuair a labhraíonn daoine lena chéile sa Ghaeilge athraíonn na hainmneacha in amanna. Léigh an comhrá seo thíos atá leagtha amach mar dhráma;

***Seán*** – A Mháire, an bhfaca tú mo spléaclaí in áit ar bith?

***Máire*** – Anois, a Sheáin, nach gcailleann tú na spléaclaí sin gach maidin. Amharc san áit ar fhág tú iad!

***Seán*** – A Mháire, ní thig liom amharc in áit ar bith gan mo spléaclaí.

***Máire*** – Cad é faoi do cheann a Sheáin? Ar amharc tú ar do cheann?

Mínigh i d'fhocail féin an dóigh ar athraigh na hainmneacha sa dráma gairid sin nuair a labhair na carachtair lena chéile. Scríobh roinnt ainmneacha eile a athraíonn.



**An tUasal Gairmeach…… Ní hé…..**
**An Tuiseal Gairmeach a thugaimid air sin!**

© An tÁisaonad 2009


# An Seangán agus an Dreoilín Teaspaigh *(Céim 19)*


Tá an luchóg sa dráma seo dalba agus ramhar. Scríobh aidiachtaí le cur síos ar na carachtair eile sa dráma. Aimsigh focail i leabhair nó scríobh do chuid féin.

| | | |
|---|---|---|
| **Dreoilín Teaspaigh** | **Crann Cnó Cócó** | **Seangán** |
| **Cearc** | **Muc** | **Luchóg** |
| **Préachán** | **Scioból** | **Bó** |

© An tÁisaonad 2009

# An Seangán agus an Dreoilín Teaspaigh *(Céim 19)*





Amharc go cúramach ar an fhocal **seangán**. Críochnaíonn sé ar **–án**.
Amharc siar ar leabhair eile atá léite agat. Aimsigh focail eile a chríochnaíonn ar **–án**. Liostaigh i do leabhar iad.


Ansin liostaigh na focail a chríochnaíonn ar **–an**. (gan síneadh fada ar an a).




Cad é a thugann tú faoi deara?
Cé acu is coitianta mar dheireadh focail **–án** nó **-an**?


Déan liosta mar atá déanta thíos. Cuideoidh na pictiúir ag bun an leathanaigh leat tús a chur le do liosta.

| Focail a chríochnaíonn ar **-án** | Focail a chríochnaíonn ar **-án** |
|---|---|
| | |













© An tÁisaonad 2009


# An Seangán agus an Dreoilín Teaspaigh *(Céim 19)*

Amharc go cúramach ar na briathra sa dráma seo. Aimsigh na briathra **tabharfaidh** agus **gheobhaidh.**

Cad é a thig leat a rá faoi na briathra seo? Cén aimsir atá i gceist?

Déan cuir síos ar an aimsir fháistineach i d'fhocail féin.




**Is meaisín ama é seo. Ar mhaith leat turas a dhéanamh isteach sa todhchaí?**

Cad é a dhéanfaidh tú sa todhchaí? Scríobh scéal gairid faoin lá a chaithfidh tú sa todhchaí. Rachaidh tú isteach sa mheaisín ama agus déanfaidh tú turas isteach sa todhchaí…………

Tá briathra eile san aimsir fháistineach sa bhosca thíos le cuidiú leat.
Cad é a thugann tú faoi deara faoi dheireadh na mbriathra seo?

| | | | |
|---|---|---|---|
| **cuirfidh** | **beidh** | **tógfaidh** | **déanfaidh** |
| **rachaidh** | **gheobhaidh** | **íosfaidh** | **siúlfaidh** |
| **léimfidh** | **rithfidh** | **ólfaidh** | **tabharfaidh** |
| **scríobhfaidh** | **osclóidh** | **buailfidh** | **amharcfaidh** |

© An tÁisaonad 2009

## Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*

Is maith le húdáir agus le hiriseoirí **uaim** a úsáid i dteidil. Is é sin nuair a thosaíonn na focail leis an túslitir chéanna. Tá an túslitir chéanna i gceist leis an teideal leabhair seo agus le teidil cuid de na caibidlí.

Cuimhnigh fosta go mbíonn ceannlitreacha ag tús na bhfocal tábhachtach. Nó, is féidir ceannlitreacha ar fad a úsáid le teideal.

**Ag Feitheamh ar Fheithidí**

**Beacha Bríomhara**

**Sáraigh sin!**

**Seachain na Seangáin**

Fíricí Feasa

Colm Coinín

Leabhar Lofa le léamh


Gadaí Gasta Glic

Scríobh do chuid teideal féin faoi na feithidí atá luaite sa leabhar seo. Úsáid **uaim** nuair is féidir le cuma níos suimiúla a chur ar do theidil.
Beidh na frásaí thíos ina chuidiú agat.

| | |
|---|---|
| tuirseach traochta | mór míofar |
| sona sásta | mór millteach |
| briste brúite | múinte macánta |
| beag bídeach | fial flaithiúil |

© An tÁisaonad 2009

# Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*



Roghnaigh an chaibidil is fearr leat agus scríobh eolas ar bith a d'fhoghlaim tú i d'fhocail fein:


Déan liosta de na feithidí uilig atá luaite sa leabhar. Aimsigh an uimhir uatha (ceann amháin) agus an uimhir iolra (níos mó ná ceann amháin):

| *Feithid (uatha)* | *Feithid (iolra)* |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Roghnaigh an fheithid is fearr leat sa leabhar. Scríobh alt eolais ar an fheithid seo. Cuardaigh eolas sa leabhar seo agus i bhfoinsí eolais eile, leabhair eile, ciclipéid, an t-idirlíon. Déan cuir i láthair ar d'fheithid don rang.**

© An tÁisaonad 2009

# Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*



1. **Aimsigh aidiacht a chuireann síos ar bheach.**


2. **Cá maireann beacha?**

3. **Cad é a dhéanann beacha agus iad ag bailiú neachtair?**

4. **Cá mhéad lód neachtair atá de dhíth le taespúnóg meala a dhéanamh?**

---

**Tá saolré an dreoilín teaspaigh ar leathanach 11. Déan saolré eile leis na ciorcail thíos. Smaoinigh ar na créatúir seo; feileacán, frog, duine.**




**Aimsigh trí fhocal a bhfuil *mh* leathan iontu.** ________ ________ ________
**Aimsigh trí fhocal a bhfuil *mh* caol iontu.** ________ ________ ________
**Léigh amach os ard iad. Cad é a thug tú faoi deara?**

**Déan an rud céanna le *bh* leathan agus caol.**

© An tÁisaonad 2009

# Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*



**Tá neart briathra in úsáid sa leabhar seo. Mínigh an focal *briathar* i d'fhocail fein.**

__________________________________________________________

**Cuimhnigh ar an eolas atá agat ar ghutaí caola agus ghutaí leathana. Roghnaigh an deireadh ceart do na briathra thíos atá san *aimsir láithreach*:**

| ***-eann nó -ann*** | | |
|---|---|---|
| **bris** | **tóg** | **gearr** |
| **scrios** | **glan** | **druid** |
| **scríobh** | **preab** | **léim** |
| **roinn** | **cuir** | **bain** |
| **leag** | **amharc** | **rith** |

**Roghnaigh trí fhocal nó fhrása nua a d'fhoghlaim tú ón leabhar seo.**

_____________________ __________________ __________________

**Anois cuir i d'abairtí féin iad i do leabhar.**

**Léigh an leabhar arís. Cuardaigh samplaí de na teidil atá sa tábla thíos agus cuir sa tábla iad:**

| *Ainmfhocail* | *Aidiachtaí* | *Briathra* |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

© An tÁisaonad 2009

## Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*

Déan clár **ABC** ar na feithidí. Líon isteach na colúin **A** agus **B** roimh thosú ar an leabhar seo agus líon isteach colún **C** i ndiaidh duit an leabhar a léamh agus ansin arís i ndiaidh duit a thuilleadh eolais a chuardach.

| **A**<br>**Ar eolas agam** | **B**<br>**Ba mhaith liom a fhoghlaim** | **C**<br>**Cad é a d'fhoghlaim mé?** |
|---|---|---|
| | | |


© An tÁisaonad 2009

# Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*


Tá ainmfhocail fholínithe sa sliocht seo san uimhir uatha. Leis an sliocht a cheartú scríobh arís é agus athraigh na hainmfhocail atá folínithe chuig an uimhir iolra.




Tá fíric sa leabhar seo a bhaineann le feithid. Tá cineál éagsúla feithid ann; beach, seangán, dreoilín teaspaigh, ciaróg, snáthaid mhór agus leamhan. Tá cuid mhór eolais ann ar an dath atá orthu, an áit a gcónaíonn siad agus an jab a dhéanann siad. Tá seangán ann atá ábalta duilleog a thógáil. Tá dreoilín teaspaigh ann atá ábalta léim 20 uair níos faide ná iad féin. Tá feithid ann atá cosúil le bata agus duilleog. Tá feithid ann atá cosúil le solas. Tá dath geal ar chuid de na feithidí le nach n-íosfaidh ainmhí eile iad. Cad é an fheithid is fearr leatsa? Léigh an leabhar seo agus labhair le do chara faoi.











© An tÁisaonad 2009

# Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*

Seachain na Seangáin – is **s** caol iad seo.


Léigh an leabhar arís agus cuardaigh an dá fhuaim **s caol** agus **s leathan**. Déan dhá liosta. Amharc i leabhair eile le samplaí eile a aimsiú agus cuir ar na liostaí seo fosta iad.

| **s** | **s** |
|---|---|
| Seachain na seangáin | Solas sona sásta |

© An tÁisaonad 2009

# Ag Feitheamh ar Fheithidí *(Céim 19)*

Roghnaigh ceann de na feithidí atá luaite sa leabhar. Scríobh alt eolais le pictiúir agus le léaráidí faoin fheithid seo le heolas ón leabhar seo agus ó leabhair eile nó ón idirlíon.



Aimsigh eolas ar na dathanna a bhíonn ar fheithidí éagsúla.
Cad chuige a bhfuil dathanna tábhachtach?
Cad é a chiallaíonn siad?



Amharc ar shaolré a bhíonn ag an tsnáthaid mhór ar leathanach 11. Déan saolré feithide eile. Léirigh í le pictiúr agus le téacs mar atá déanta sa leabhar.

© An tÁisaonad 2009

# Focail le Foghlaim *(Céim 19)*

Aimsigh na focail ar an liosta thíos ar an ghréasán. Coimhéad an litriú!

## Litrigh na Focail seo

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| i | b | u | n | c | t | n | c | i | s | b | x | d | e | k | h | s | l | r | u |
| r | h | h | x | d | t | i | y | e | t | h | z | t | m | h | z | z | é | k | y |
| c | t | t | j | p | o | r | a | c | r | h | p | z | h | n | l | i | t | k | t |
| i | l | j | r | n | b | c | d | a | z | i | e | a | c | c | d | d | a | n | d |
| r | s | t | t | i | h | m | ú | o | m | y | i | a | j | h | a | m | i | j | a |
| m | s | a | h | t | u | z | i | i | j | r | q | r | n | s | a | e | h | z | y |
| t | c | g | a | r | l | i | d | n | y | a | d | f | i | n | a | d | t | d | j |
| h | a | i | p | b | k | r | i | e | h | d | i | f | h | t | i | a | c | g | n |
| t | n | b | t | e | c | h | u | a | l | a | h | g | i | a | u | h | c | n | a |
| d | f | u | h | t | r | o | c | d | b | p | g | d | h | s | l | k | i | y | y |
| h | r | x | d | a | v | w | g | h | c | g | k | c | u | v | a | a | u | s | r |
| q | n | f | q | r | r | v | a | c | t | g | a | o | t | m | g | i | w | p | c |
| k | f | x | i | l | w | f | t | n | z | r | j | i | p | a | k | k | n | p | w |
| u | n | n | v | y | f | x | a | a | o | n | j | z | u | c | g | n | t | g | a |
| s | w | d | z | l | u | f | z | i | c | i | m | h | k | a | h | b | h | o | v |
| h | b | j | b | u | a | b | e | o | d | á | w | i | d | n | m | u | á | h | c |
| l | r | d | l | x | i | g | v | m | p | h | s | a | g | o | o | r | i | z | q |
| q | n | l | l | w | r | c | e | e | g | m | u | c | x | y | f | g | n | g | e |
| y | z | b | u | n | l | k | r | i | y | a | l | g | p | c | h | o | i | n | d |
| e | e | t | q | s | a | f | i | t | a | b | h | a | i | r | t | p | g | q | v |

| | | |
|---|---|---|
| againn | ag cuidiú | ag teacht |
| amháin | caithfidh | caoineadh |
| chuaigh | chuala | chuig |
| fuair | iontach | itheann |
| orthu | rachaidh | réidh |
| seachtain | tabhairt | tabharfaidh |
| tháinig | uirthi | |

© An tÁisaonad 2009

## Focail le Foghlaim *(Céim 19)*

Foghlaim an dóigh leis na focail seo a litriú. Úsáid mar chártaí iad do chluichí.

| | |
|---|---|
| chonaic | ní fhaca |
| ag teacht | thosaigh |
| uirthi | d'fhág |
| ag cuidiú | itheann |
| ag iarraidh | chuig |
| ní raibh | fuair |
| tháinig | chuaigh |
| eile | bíonn |
| le chéile | réidh |
| tharla | iontach |

© An tÁisaonad 2009


## Focail le Foghlaim *(Céim 19)*

Gearr amach na focail seo. Cleacht iad le cara. Cóipeáil iad agus úsáid iad le cluiche *snap* nó *péirí* a imirt. Foghlaim an dóigh lena litriú.

| | |
|---|---|
| chuala | rachaidh |
| nuair | cuidigh |
| againn | caoineadh |
| acu | orthu |
| feicim | duine |
| caithfidh | bheith |
| ag éirí | ar aghaidh |
| seachtain | ag tabhairt |
| oíche | amháin |
| tabharfaidh | dóibh |

© An tÁisaonad 2009

# *Focail ar Phuzail*



**Críochnaigh an puzal!**
**Imir an cluiche seo le cara. Nuair atá na focail ar eolas agaibh iarr ar do chara focail a scríobh ar na puzail. Ansin beidh seal agatsa. An bhfuil an ceart agaibh?**

© An tÁisaonad 2009

## Cait *(Céim 20)*

Amharc go cúramach ar an phoncaíocht sa dán seo.
Úsáid na línte seo thíos agus ansin scríobh roinnt línte tú féin leis an phatrún poncaíochta a leanúint. Scríobh amach iad mar atá sa leabhar.
Déan stiallchartún le dul leo mar atá déanta sa leabhar fosta.



ar dhíon an tí

áit ar bith





mo chat beag bán

ina luí ar a bholg

ar an tolg

thuas i gcrann

Ná déan dearmad an t-éan beag a chur i do phictiúir féin!

Bí ag obair le cara nó le grúpa.

Déan póstaer faoi chait. Déan pictiúr de chat i lár báire agus scríobh eolas ar nósanna na gcat ar imeall an phóstaeir.



© An tÁisaonad 2009

# Cait, An Cat sa Leabharlann *(Céim 20)*

Déan stiallchartún den dán seo. Bris an scéal ina 6 pharagraf nó 6 chuid agus déan pictiúr agus línte faoi gach pictiúr.


| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

© An tÁisaonad 2009

# Bí ag Scríobh

Pléigh an smaoineamh …..
**Dá dtiocfadh leis an chat seo léamh…..**
Scríobh scéal nó alt faoin chat agus a chuid léitheoireachta.


Cad é an sórt leabhar a léann sé?
Cad é a d'fhoghlaim sé ó na leabhair seo?



D'fhoghlaim Alsa an dóigh le scríobh ó bheith ag léamh leabhar.
Scríobh sé litir chuig an leabharlannaí ag gabháil a leithscéil.
Scríobh an litir seo a scríobh Alsa.
Cad é do bharúil a dúirt sé leis an leabharlannaí?



Bhí páistí na leabharlainne iontach meallta nuair a d'imigh Alsa.
Déan póstaer ag iarraidh ar Alsa teacht ar ais.
Liostaigh na rudaí deasa a bhain le hAlsa agus an fáth ar mhaith leis na páistí í teacht ar ais.



© An tÁisaonad 2009


# Cait, An Caitín *(Céim 20)*



Déan pictiúr de chat.

Tabhair ainm ar do chat. Ansin déan cur síos ar a chuma, ar a phearsantacht agus ar a chuid nósanna.

Bí ag obair le cara nó le grúpa.
Amharc ar ainmneacha na gcat sa scéal seo.
Déan liosta d'ainmneacha cait. Cuir ceist ar dhaoine sa rang nó sa scoil a bhfuil cat acu agus cuir ar an liosta iad.
Cad iad na hainmneacha is coitianta?



Déan liosta d'fhocail a chríochnaíonn ar **–ín**.
Amharc sa leabhar seo agus i leabhair eile.
Ciallaíonn seo de ghnáth gur rud beag atá ann.

Aimsigh eolas ar ainmhithe agus a n-óga.
Déan liosta d'ainmhithe agus a n-óga i do leabhar.




© An tÁisaonad 2009

Déan liosta de na briathra uilig sa scéal seo i do leabhar.

Cad é an aimsir ina bhfuil an scéal seo? Mínigh an riail ghinearálta a bhaineann leis an aimsir seo i d'fhocail féin. Cuimhnigh ar an fhréamh thíos a phléigh muid roimhe.

Is briathar rialta é seo. Tá cuid de na briathra sa scéal seo **mírialta**. An bhfeiceann tú an difear?




## Briathra

**Amharc go háirithe ar na briathra a thosaíonn le guta.**


Déan liosta de na briathra seo. Cuardaigh sa leabhar seo agus i leabhair eile.

Cad é a tharlaíonn do na briathra seo san aimsir chaite?
Scríobh an riail i d'fhocail féin. An bhfeiceann tú patrún?



© An tÁisaonad 2009

# Cait, Fionn agus an Tuar Ceatha *(Céim 20)*



Scríobh freagraí ar na ceisteanna seo;

1. **Cad é an drochnós a bhí ag Fionn?**
2. **Tabhair samplaí de na rudaí a dúirt Bean Uí Leanaí le Fionn agus é ag dreapadh.**
3. **Cad é an cur síos a bhí ag Fionn ar an tuar ceatha?**
4. **Cad é mar a chuir an t-údar síos ar chomh hard is a chuaigh Fionn?**
5. **Cad é an fhadhb a bhí ag Fionn nuair a bhain sé an barr amach?**
6. **Liostaigh na dathanna uilig ar léim Fionn orthu ar a bhealach ar ais.**
7. **Cad é a tharla nuair a stad Fionn ar an dath vialait?**
8. **Cad chuige, do bharúil, ar thug Bean Uí Leanaí pota óir ar Fhionn?**
9. **An gcreideann tusa go bhfuil pota óir ag deireadh tuar ceatha? Mínigh do fhreagra.**

An síleann tú gur scéal fíor é seo? Cad chuige?

Cleacht an scéal seo a athinsint i d'fhocail féin.





© An tÁisaonad 2009

# Cait, Fionn agus an Tuar Ceatha *(Céim 20)*

Tugann Bean Uí Leanaí orduithe d'Fhionn sa scéal seo. Ta sí ag caint le cat amháin. Tugann an múinteoir orduithe ar scoil. In amanna bíonn do mhúinteoir ag caint le duine amháin agus in amanna le cuid mhór daoine.
Amharc ar na horduithe thíos agus cuir isteach an ceann ceart de réir mar atá duine amháin nó níos mó ná duine amháin i gceist.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **déanaigí** | **suigh** | **fanaigí** | **rithigí** | **cuidígí** | **cuirigí** |
| **éist** | **bí** | **bígí** | **oscail** | **coinnigh** | **gabh** |

| | | | |
|---|---|---|---|
|  | A mhamí, a dhochtúir, a bhanaltra _________ liom! |  | ________ in bhur suí agus ______ lámha in airde. |
|  | __________!<br>_______ deifir, táimid mall! |  | Ná ____ ag imeacht anois. Ba mhaith linn súgradh! |
|  | _______ ag éisteacht go cúramach leis an scéal seo. |  | _________ greim anois.<br>Bhuíííííí! |
|  | ______ liom, níl mé ag magadh! |  | ______ do bhéal.<br>Abair aaaa! |
|  | ______ go deas socair anois.<br>Madadh maith! |  | ______ amach as sin, a Chití! |

© An tÁisaonad 2009

# Cait, Fionn agus an Tuar Ceatha *(Céim 20)*

Amharc ar an phictiúr atá ar leathanach 43. Is tuairisceoirí nuachta iad na daoine atá san eitleán.
Scríobh an t-alt a scríobh sibh don nuachtán áitiúil an lá dár gcionn faoin chat a chonaic siad ar thuar ceatha.




Scríobh roinnt ceannlínte agus folínte ar dtús agus roghnaigh na cinn is fearr leat. Ná déan dearmad ar an nós a bhíonn ag iriseoirí **uaim** a úsáid sna ceannlínte.

Scríobh alt faoi rud iontach a rinne do chat féin nó cat i do cheantar. B'fhéidir go bhfuil an cat seo fíormhaith ag dreapadh nó ag rith. B'fhéidir go bhfuil sé maith ag troid le madaí agus go bhfuil eagla ar na madaí roimhe. Arís scríobh do cheannlínte agus ansin folínte le húsáid san alt féin.






© An tÁisaonad 2009

# Bean na nÉan *(Céim 20)*

## Bí ag Scríobh!

Faigh amach an bhfuil áit mar seo i do cheantar fein. Scríobh litir ag iarraidh a thuilleadh eolais faoin áit agus an obair a dhéanann siad.

B'fhéidir go dtiocfadh le duine teacht chuig an scoil le labhairt leis an rang faoin obair a dhéanann siad.



Cuir i gcás go bhfuil ainmhí éigin faoi do chúram.
Déan liosta siopadóireachta mar atá déanta ar leathanach 9 sa leabhar.



Cad é do bharúil a bheidh de dhíth ar an ainmhí seo?

Scríobh alt eolais faoin mhéid a d'fhoghlaim tú ón leabhar seo. Scríobh faoi rudaí a bhí ar eolas agat roimhe agus rudaí nua atá anois ar eolas agat. Déan pictiúir le cuidiú leis an léiriú seo.

Léigh leathanach 4-5. Déan foirm chláraithe do roinnt ainmhithe eile.



Cuir isteach cén t-ainmhí atá i gceist, cá bhfuarthas é agus cad é atá cearr leis.

© An tÁisaonad 2009

# Bean na nÉan *(Céim 20)*

Liostaigh na briathra atá sa leabhar seo.
Cad é an aimsir ina bhfuil an leabhar seo scríofa?
Scríobh faoin phatrún a bhaineann leis na briathra seo i d'fhocail féin. Cad é a thugann tú faoi deara?

Tá rialacha cinnte ann a bhaineann leis na briathra rialta. Scríobh amach na rialacha sin i d'fhocail féin.

Amharc ar an tábla thíos a léiríonn cuid de na briathra mírialta.

| *Aimsir chaite* | *Aimsir láithreach* | *Aimsir Fháistineach* |
|---|---|---|
| **bhí** | **tá** | **beidh** |
| **thug** | **tugann** | **tabharfaidh** |
| **tháinig** | **tagann** | **tiocfaidh** |
| **fuair** | **faigheann** | **gheobhaidh** |
| **chuaigh** | **téann** | **rachaidh** |

Tá cuid de na tréithe go fóill ann a bhaineann leis na briathra rialta. Ach tá athruithe eile ann chomh maith. Feicfidh tú na focail seo i do chuid léitheoireachta go minic.

Cuir i gcás gur tharla na himeachtaí sa leabhar seo i bhfad ó shin. Aistrigh leathanach 4 agus leathanach 6 chuig an aimsir chaite.
Cad é atá le déanamh agat leis na briathra san aimsir chaite a dhéanamh?

Bí cúramach leis na briathra mírialta!

**© An tÁisaonad 2009**

# Bean na nÉan *(Céim 20)*





Tá na focail sa ghluais agus san innéacs in ord aibítre.

Roghnaigh 5 fhocal eile ón leabhar a shíleann tú go mbeadh míniú breise ina chuidiú leo. Cuir in ord aibítre iad agus scríobh míniú beag mar atá déanta sa ghluais. Tabhair do chara iad lena léamh. An bhfuil an míniú a scríobh tú soiléir?
Scríobh ar thábla iad mar atá déanta thíos –

| ***Focal*** | ***Míniú*** |
|---|---|
| cleití | cineál gruaige a fhásann ar éin, bíonn siad bog clúmhach |
| aloe vera | ………. |

Cuir na focail seo in ord aibítre. Bí ag obair le cara más maith leat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| tarrtháil | lapa | téitheoir | bia |
| aire | aloe vera | albatross | cásanna |
| leigheas | cuiteoga | cúl an tí | arán |
| dochar | torthaí | cleití | lacha |
| ionad | iasc | contúirt | gealbhan |
| piongain | goradán | trá | coill |




© An tÁisaonad 2009

# An Cat is Fearr *(Céim 20)*

Léigh an chuid sin den script atá scríofa thíos amach os ard. Tabhair faoi deara nach bhfuil poncaíocht ar bith in úsáid. Cad é mar bhí do ghlór nuair a léigh tú? Scríobh amach arís é agus leis an phoncaíocht chuí atá de dhíth lena léamh go maith.

Ansin cuardaigh sa leabhar é agus seiceáil ar aontaigh tú leis an údar.

**An Chéad Bhreitheamh:** Cad é a thig leatsa a dhéanamh a Chleitire

**Cleitire:** Tap tap tap Preabaidí-preab-preab

**An Dara Breitheamh:** Go raibh maith agat a Chleitire

**Luchóg:** Iú hú

**Gach duine:** Gasta Gasta Ceapaigí an luchóg sin

Scríobh leathanach 14 agus 16 amach mar scéal. Beidh frásaí mar *arsa, a d'fhreagair sé, ar seisean, srl.* de dhíth. Ná déan dearmad ar an phoncaíocht – beidh comharthaí cainte le cur isteach! Léigh an comhrá thíos le cuidiú leat.




"Seo duit balún deas gorm," arsa an fear grinn.
"Níl an fear grinn seo greannmhar ar chor ar bith," a mheabhraigh an cailín.

© An tÁisaonad 2009

# An Cat is Fearr *(Céim 20)*

Tá samplaí den fhuaim **bh** agus **mh** sa dráma seo. In amanna tá sí caol agus in amanna eile tá sí leathan.
Léigh an dráma arís agus scríobh na focail ina bhfuil an fhuaim seo mar atá sna samplaí sna boscaí thíos.
Aimsigh samplaí eile i leabhair eile atá léite agat.
Mínigh an difear idir na fuaimeanna éagsúla i d'fhocail féin.

| **bh (an bhó)** | **bh (bhí)** | **mh (mo mhála)** | **mh (an mhí)** |
|---|---|---|---|
| | | | |


**Tá difear sna fuaimeanna seo nuair……..**

© An tÁisaonad 2009


# An Cat is Fearr *(Céim 20)*

**Scríobh do Dhráma Féin!**

Amharc ar an luchóg sna pictiúir sa leabhar. Níl ach líne amháin aici sa dráma ar fad.
Scríobh script don Luchóg. Cad é atá sí a rá ar gach leathanach, do bharúil? Tabhair línte di le dul le gach pictiúr agus scríobh amach i do leabhar iad. Lean leagan amach an dráma féin le pictiúr agus ainm an charachtair roimh gach píosa cainte.




Tá an comórtas thart agus tá Bean an Hata, Fear an Bhata agus Neansaí Nóinín ag imeacht leo abhaile.
Scríobh trí script ghairide ag léiriú comhrá idir iad agus na cait ar an bhealach abhaile. Cad é do bharúil a bhí le rá ag an triúr acu?
Scríobh do scripteanna mar atá sa dráma seo le pictiúr agus ainm an charachtair roimh gach píosa cainte.




© An tÁisaonad 2009

# Eilifint sa Teach *(Céim 20)*

Léigh leathanaigh 6 go 8. Tá comhrá léirithe ar na leathanaigh seo. Tá an phoncaíocht iontach tábhachtach leis sin a léiriú dúinn.

Scríobh amach na leathanaigh seo arís mar dhráma. Scríobh ainm an charachtair atá ag caint roimh gach píosa cainte. Ná déan dearmad scéalaí a chur ann agus treoracha stáitse más gá.




Aimsigh an focal **d'fhiafraigh** ar leathanach 6. Léiríonn an focal seo gur chuir duine éigin ceist. Tá dóigheanna eile ann le caint a léiriú i scéal. Amharc i leabhair eile atá léite agat. Déan liosta i do leabhar agus úsáid iad i samplaí cainte.

**ar seisean**

**a mheabhraigh sé**

© An tÁisaonad 2009

# Eilifint sa Teach *(Céim 20)*



Freagair na ceisteanna seo -

1. **Cá háit ar shuigh an eilifint nuair a tháinig sí ar cuairt?**

2. **Cad é a bhí sí a dhéanamh?**

3. **Cad é a rinne Mamaí agus Daidí leis an Eilifint a ruaigeadh?**

4. **An dtig leat smaoineamh ar aidiachtaí a chuireann síos ar an eilifint? (Smaoinigh ar chuma agus ar phearsantacht)**


5. **Déan cur síos ar Dhaideo sa scéal. Cad é do bharúil de na rudaí a dúirt sé?**

6. **Cad é mar a chuir Dáire an ruaig ar an eilifint?**

7. **Samhlaigh go raibh eilifint i do theach féin. Scríobh an plean a bhí agat leis an ruaig a chur uirthi.**

8. **Cad chuige ar tháinig an eilifint isteach sa teach, dar leat?**

9. **D'imigh an Eilifint ag deireadh an scéil. Cá háit a ndeachaigh sí, do bharúil? Scríobh scéal gairid faoin chéad rud eile a rinne an Eilifint seo.**








© An tÁisaonad 2009

# Eilifint sa Teach *(Céim 20)*



**"Tá an eilifint sin *rómhór*," arsa Daidí.**

Amharc go cúramach ar an fhocal **rómhór**. Is réimír é **ró**.
Amharc ar na samplaí seo agus scríobh an riail le **ró** a úsáid i d'fhocail féin.
Amharc go háirithe ar an cheann dheireanach. Cad chuige a bhfuil fleiscín ann, do bharúil?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| rómhór | róghránna | róchainteach | ródhearg | ró-óg |

Úsáid na haidiachtaí sa bhosca leis na abairtí a chríochnú ach cuir **ró** rompu.

*Ná déan dearmad ar an séimhiú! Ná déan dearmad ar fhleiscín le guta!*

| | | |
|---|---|---|
| **dalba** | **beag** | **maith** |
| **salach** | **óg** | **aosta** |

Nigh do lámha, tá siad _______________.
Tá Daideo ___________ le siúl chomh fada sin.
Tá an moncaí sin ________________.
Ní thig leat súgradh, tá tú ___________.
Tá mise _____________ le súgradh leatsa.
Tá an babaí sin ___________ .

*Anois scríobh abairtí de do chuid féin le **ró** i do leabhar oibre.*

© An tÁisaonad 2009

# Eilifint sa Teach *(Céim 20)*

Tá go leor frásaí deasa sa scéal seo a dhéanann an scéal níos suimiúla.







- oiread is orlach
- in áit na mbonn
- as a stuaim féin
- ag tónacán
- a seacht ndícheall
- níor bhog oiread is ribe gruaige
- bhí a sáith aici
- níl neart air
- sna tríthi gáire
- an ruaig a chur uirthi

Scríobh do scéal féin faoin Eilifint nó faoi charachtar eile ón scéal. B'fhéidir go ndeachaigh an Eilifint go teach eile, nó go raibh Daideo ag iarraidh madadh a ruaigeadh as an teach.

Scríobh do scéal féin ag úsáid oiread frásaí deasa agus a thig leat.

© An tÁisaonad 2009

# Eilifint sa Teach *(Céim 20)*

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **an eilifint** | **an bhó** | **an chaora** | **an moncaí** | **an madadh** | **an luchóg** | **an mhuc** |
| **an chearc** | **an capall** | **an cat** | **an crogall** | **an frog** | **an béar** | **an bheach** |
| **an coinín** | **an chuiteog** | **an chuileog** | **an fia** | **an rón** | **an dobhareach** | **an hamstar** |

Tá an focal *eilifint* baininscneach sa Ghaeilge. Oibrigh amach na hainmhithe atá baininscneach agus na hainmhithe atá firinscneach ar an liosta thuas. Cad é mar atá a fhios agat?
Cuir san áit cheart ar an tábla thíos iad. Scríobh aidiacht leo agus ná déan dearmad athrú a dhéanamh ar an aidiacht nuair is gá.

| ***Ainmhí baininscneach*** | ***Ainmhí firinscneach*** |
|---|---|
| | |

© An tÁisaonad 2009

# Eilifint sa Teach *(Céim 20)*

Léigh an leabhar arís. Cuardaigh samplaí den fhuaim **a** agus de na dóigheanna éagsúla lena léiriú. Cláraigh na focail ina bhfuil an fhuaim seo ar an tábla.
Tá cuid de na dóigheanna leis an fhuaim seo a léiriú thíos, ach tá cinn eile ann fosta. Aimsigh samplaí eile i leabhair eile le cur le do liosta. Cá mhéad dóigh atá aimsithe agat leis an fhuaim seo a léiriú?

| **á** | **a** | **ea** | **ái** | **ai** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

© An tÁisaonad 2009

# Léigh Leat Faoin Mhíorchat *(Céim 20)*

Bí ag obair le grúpa. Gearr amach na focail agus na frásaí thíos. Roinn leis an ghrúpa iad. Cuir na focail agus na frásaí a fuair tú in abairt a mhíníonn an chiall. Pléigh an chiall leis an ghrúpa.

scaoil an rún | teas na gréine | mol an óige | crúba

ar scáth a chéile a mhaireann na míorchait | ál

greim gasta | fionnadh | eireaball | ceacht | ar a sheal

tochailt | tochlaíonn | fanacht ar cothrom | fairtheoirí

ag déanamh bolg le gréin | maireann siad

focal Ollainnise | ach oiread | tugann siad le fios do

cúramaithe tí | cúramaithe linbh | obair mhaslach

glantachán | cothaíonn siad | ag seilg | cosnaíonn siad

a chosaint | a chuardach | cnámha a shíneadh | nimh

scairp | ag foghlaim troda | ina aonar | ar faire

i gcuideachta a chéile | míorchat baineann


feoiliteoir | luibhiteoir | uiliteoir

© An tÁisaonad 2009


# Léigh Leat Faoin Mhíorchat *(Céim 20)*

Aimsigh an uimhir iolra de na focail ar an tábla thíos sa leabhar. Aimsigh samplaí eile i leabhair eile a leanann an patrún céanna.
Déan tábla amach mar atá déanta thíos agus cuir leis na liostaí gach uair a fheiceann tú sampla eile.

| *Ultach - Ultaigh* | *seilf - seilfeanna* | *bróg - bróga* | *crann - crainn* | *cathair - cathracha* | *oibrí - oibrithe* |
|---|---|---|---|---|---|
| mamach<br>céadchosach | laghairt | crúb | tollán<br>poll<br>cat<br>damhán | nead<br>nathair | babaí |







© An tÁisaonad 2009

# Léigh Leat Faoin Mhíorchat *(Céim 20)*

Déan clár **ABC** ar na míorchait. Líon isteach na colúin **A** agus **B** roimh thosú ar an leabhar seo agus líon isteach colún **C** i ndiaidh duit an leabhar a léamh agus ansin arís i ndiaidh duit a thuilleadh eolais a chuardach.

| **A**<br>**Ar eolas agam** | **B**<br>**Ba mhaith liom a fhoghlaim** | **C**<br>**Cad é a d'fhoghlaim mé?** |
|---|---|---|
| | | |

**© An tÁisaonad 2009**

## Focail le Foghlaim *(Céim 20)*

**Foghlaim an dóigh leis na focail seo a litriú. Úsáid mar chártaí iad do chluichí.**

| | |
|---|---|
| ceacht | cineál |
| fanacht | maireann |
| tagann | saol |
| ag labhairt | úsáideann |
| talamh | isteach |
| amháin | iontu |
| ach oiread | ainmhithe |
| bealach | urlár |
| féar | cuid |
| tuismitheoirí | dóigh |

© An tÁisaonad 2009

## Focail le Foghlaim *(Céim 20)*

**Gearr amach na focail seo. Cleacht iad le cara. Cóipeáil iad agus úsáid iad le cluiche *snap* nó *péirí* a imirt. Foghlaim an dóigh lena litriú.**

| | |
|---|---|
| bainne | druidte |
| ceathair | fiche |
| tríocha | le chéile |
| i gcónaí | torthaí |
| plandaí | feoil |
| imeacht | caithfidh |
| tháinig | cad chuige |
| istigh | rómhór |
| iarracht | uirthi |
| seacht | thriail |

© An tÁisaonad 2009

# Focail le Foghlaim *(Céim 20)*

## Cá bhFuil na Focail?

Aimsigh na focail ar an liosta ag bun an leathanaigh ar an ghréasán.


```
u u x t t p c a i q h k p y t t s u c f
o s i e o u a m e m p n e h n y t t h l
h k a r n r e k a f h o c u i s c u q x
n u w q t a t l i n p a n b á l d z h y
o g g d c h a h x v r c n z h h a o t b
s n v h a t i j a r f a a z m h g s r e
e h t i h m n i a í d t e s a v z d c g
j i q u s m t i v p f t r j l l a e q m
n y m n w y x f b q a o i f v b c t t r
g o v h z h u g y q k a a a t e p j s m
s y h c i z d u z n z e m u h m f i d j
b o i i l w j i g v a j k h á a k l x e
d t q i s á f s f u r q y s i c w w o h
r ó m h ó r e o m h v e a y n i d m l u
l i a i r h t n m x t e b r i o l j f f
f a l g l y i u i l g i q i g n j y m p
s u k l i p h h q c k x a n b t h e g r
e i k j a s z s b k l s t c k u s l h x
z v c x z a z a r x f a n a c h t u q w
n m c h j b i u i b v y h g m t t i b s
```

ainmhithe
caithfidh
fanacht
imeacht
maireann
talamh
tháinig
uirthi
amháin
cineál
iarracht
iontu
rómhór
thriail
torthaí

© An tÁisaonad 2009

# Focail le Foghlaim *(Céim 20)*

## Freagair na Ceisteanna




**TRASNA**

1. Tá an deoch seo maith do na cnámha.
4. Ní itheann luibhiteoirí é seo.
5. Bealach eile le 4 a scríobh.
9. Nuair nach mbíonn rud ar oscailt bíonn sé _______.

**SÍOS**

1. Focal eile ar 'dóigh'.
2. Bíonn, ar a laghad, ceann amhain againn gach lá ar scoil.
3. Fásann siad agus coinníonn daoine i bpotaí sa teach iad.
6. Tugann na daoine seo aire dúinn.
7. Níor mhaith liom dul. Níor mhaith liomsa dul ______(3) _______(6).
8. Bealach eile le 20 a scríobh.

© An tAisaonad 2009